


SAOIRSE

UIMHIR 8

Greimhreadh 1988/89

Luach 80p






**Éaló
ón
Astráil**

Eiseachadadh
An géilleadh is mó riamh

FÉACH LEATHANACH 6

AG CONAÍ I SAOR STAT



Clár

Cúrsaí reatha

Eagarfhocal

– An obair romhainn tar éis fiche bliain ag streachailt

Crógacht an phobail

– Cur síos ar diongbháilteacht náisiúntóirí na Sé Chontae i gcoinne ionsaithe leanúnach ó forsaí na Breataine le bliain anuas

Eiseachadadh – An Géilleadh is mó riamh

– Anafís ar cheist an eiseachadha – an toradh is mó dlíthiúl ó Chomhaontú Hillsborough – agus conas atá sé ag dul i bhfeidhm ar pholaitíocht na 26 Chontae

Tuairimíocht

Diagacht na fuascailte

– Dearcann Pól Ó Néill ar an slí a chaitheann an Eaglais le pobail a throidheann dá gceartaí

Stair

Ealó ón Astráil

– Stair na daonránaigh Éireannacha a d'ealaigh idir 1789 agus 1876

Ainmeacha pearsanta Gael

– An stair a bhaineann len' ár gcéad ainmeacha

Éireannaigh agus na hOilimpeacha

– Dearcann Rónán Ó Luíng ar an páirt a ghlac agus na boinn a buaigh Éireann sna hOilimpeacha

As an ngéibheann

Saoirse do ghéibheannach

– Liam Ó Bradaigh ag cur síos ar lá a shaoirse ón gCurrach i 1944

Scéal an chine daonna

– Léirmheas ag Séamus Ó Duinn, cime i bPríosún Portlaoise, ar céirnín Christy Ó Mordha

Litríocht

An Litríocht sa chultúr

– An gá le fealsúnacht soisialach i leith na n-ealaíona a phlé ag Dáithí Ó hÓgáin

Amhráin


– Amhráin ó Slógadh Shinn Féin



Roiibeárd Ruiséal a déanamh eiseachadadh air i mí Lunasa. Tá an feachtas in aghaidh eiseachadadh faoi chaibidil ag Máirtín Mac Diarmada ar lch. 6



Dáithí Ó hÓgáin ag déanamh plé ar ealaíon, litríocht, cultúr agus an tsoisialachas ar lch. 17



Clúdach Tosaigh: Múr bhalla in Iarthar Bhéal Feirste ag léiriú sprid na nGael

Fiche bliain ag streachailt



Fiche bliain ó shin ghlac daoine sna Sé Chontae seasamh i gcoinne chóras bigóideach. Oráisteach a bhí ag diúltú a gceartaí sibhialta ar náisiúnaigh ó bunaíodh an staitín. B'é bun aidhm an Northern Ireland Civil Rights Association an chóras lofa sin a leasú, ionas nach mbeadh leatrom á imirt ar an bpobal náisiúnach i gcúrsaí tithíochta, toghchánaíochta, oideachais agus fostaíochta.

Dhéan forsáí na haontachta, i bhfoirm an RUC agus B-Specials seicteacha a mbiogóideacht a léiriú don domhan uilig nuair a dhéan siad iarracht NICRA a scrios go brúidiúlach agus gan trócaire. Ach bhí an pobal éirithe ó ghlúna agus ní raibh siad chun glacadh riamh arís go síochánta le saorántacht den dara grád.

Ba léir do chách nach bhfeadfaí stáit na Sé Chontae a leasú agus go ndéanfaidh forsáí agus rialtas na Briotaine é a caomhnú ar gach bealach a bhí ar a gcumas. Bhí sé soiléir nach raibh rialtas nó forsáí na Briotaine sásta ach éisteacht le fórsa, fórsa pobail ag streachailt ar son a gceartaí daonna.

Tá fiche bliain ag tarraingt linn ó thús na staide deiridh seo de chogadh na saoirse. Fiche bliain de streachailt chrua i gcoinne fórsaí treascracha na Briotaine. Fiche bliain den fhulaingt. Fiche bliain den fhaitíos. Fiche bliain den íobairt. Fiche bliain do mhealladh. Fiche bliain de bhréaganna. Fiche bliain de ghanntanas. Fiche bliain de bhás, gortú agus pian.

An cheist ar chomhair dúinn a chuir orainn féin duine ar dhuine ná cad atá mé ag déanamh chun a chinntiú nach mbeidh gá dúinn dul tríd fiche bliain eile den fhulaingt chéanna, chun go mbeidh deireadh le riail na Briotaine in Éirinn ar deireadh

thiar, chun go mbeidh saoirse, cearta agus síocháin in Éirinn aontaithe. Sara fuair sé bás dúirt Roibéárd O Seacnasaigh, "tá a pháirt féin le himirt ag gach daoine, poblachtánach is eile. Níl aon páirt ró mhór nó ró bheag, níl aon daoine ró shean nó ró óg chun rud éigin a dhéanamh."

Mar a chonaic muid le bliain anuas níl Briotain aigh chun a hionsaithe ar náisiúnaithe a mhaolú. Le cabhair a gcomhoibritheoirí Éireannacha sna Sé agus 26 Chontae tá na Briotainigh ag déanamh iarracht a riail impiriúlach a dhaingniú tríd daoine a scaoileadh, a phríosúnú, tríd fhírinn a cheilt, socraid a ionsaí, tré imtheorannú, tré bratha-dóirí íoctha, tré brúidiúlacht agus céasadh tré meithil dúnmarthóirí d'fleoírí, tré chinsireacht, tré dlíthe smachtúla agus leatrom i ngach gné den saol. Níl siad chun an obair a dhéanamh níos éasca dúinn, déanfaidh siad gach ar a gcumas Gluaiseacht na Poblachta agus a lucht tacaíochta a scrios.

Tá sé amuigh orainn, ag ár gcomrádaithe agus ár gcairde atá tar éis bás a fháil, acu san atá i bpríosún, ag an bpobal a d'fhulaing, agus ag na glúnta atá le teacht, an streachailt seo a chomhlíonadh go tor-thúil.

Mar a deir an seanphocal "ní neart go cur le chéile".

Tá sé thar am againn, agus é mar dhualgas orainn, an pobal a thógaint linn, a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa troid seo a chinnteoidh a dtodhchaí in Éirinn – Éire a bheidh saor agus aontaithe; Éire ina bheadh na hidéalacha a fuair an oiread sin bás ar a son curtha i gcríoch.

Tá lá na saoirse ag breacadh, ach beidh an oíche an-fhada agus crua muna chuireann muid chuig ár ndualgas go dícheallach.

Crógacht an phobail

"Life springs from death and from the graves of patriot men and women springs living nations."

— Padraig Mac Piarais

TA crógacht i ndaoine atá ag streachailt ar son a gcearta, crógacht atá deacair a mhíniú i bhfocla ach atá éasca a thuiscint má dhéanann tú an fáth nó na fathanna léi a fhiosrú: an fáth go bhfuil siad sásta gach a bhfuil acu a chur i mbaol ar mhaithe le tairbhe an phobail uilig; an fáth ag bhfuil said sásta cur suas go neamhleithleasach le príosúntacht, céasadh, bhúidíocht agus an bás fhéin ag troid chun saol níos fearr a chothú dá mhuintir agus dona glúine atá le teacht.

Tá an freagra simplí. Tá an ceart acu, tá siad ag streachailt i gcoinne an oilc, i gcoinne sclábaíochta fisiciúil agus in-chinne, i gcoinne tiarnais ortha i ngach gné den saol. Tá na fhios ag an bpobal atá ag streachailt dá gcearta go mbeidh an lá leo, nó ní bheadh siad ag troid.

Le dhá bhliain anuas tá a bhfuil ráite thuas léirithe go soiléir ag an bpobal náisiúnach sna Sé Chontae agus ag Gluiseacht na Poblachta. Ar 8ú Bealtaine 1987, maraíodh ochtar Óglach i luíochán ag an SAS i Loch gCál, Contae Ard Mhaca. Ó shin ar aghaidh tá 13 Óglach eile tar éis bás agus iad ar fiannas, beirt eile a mharaigh dílseoirí agus Óglach eile a báthadh.

Tá an pobal náisiúnach ag íoc go daor tosic gur sheasadar le chéile dá gcearta.

Ba léir an fuath atá ag na Briotanaigh do náisiúnaigh agus an eagla agus an aineolas faoi idealacha phobail ag streachailt nuair a chur siad tús lena ionsaithe ar shochraidí na nÓglach. Ina n-iarracht le dínit agus diongbháiltacht an phobail sin a scrios bhí said sásta cur suas le droch-phoiblíocht go h-idirnáisiúnta ar mhaithe le 'bua' beag amháin. tugadh an freagra dóibh tré chrógacht agus le dúshlán atá coitianta i measc pobail atá ag troid i gcoinne fórsa

impiúilachta atá níos mó agus níos láidre ná iad féin.

Ag sochraid an Óglaigh Larry Marley ar mharaigh dílseoirí in Aibreán 1987 dhéan an clann dhá iarracht an sochraid a reachtáil sarar éirigh leo an bua a fháil ar iarrachtaí an RUC and arm na Briotaine agus iad ag trialladh an cónra a fhuadach. Fós féin d'ionsaigh na boic armtha seicteacha an sochraid agus dhéineadar gach dícheall é a stiúradh.

D'ionsaigh siad sochraidí na nÓglach Finbarr McKenna, Eddie McSheffrey, Paddy Deery, Brendan Burns agus Brendan Moley agus cinn eile nach iad. Dhéan siad chuile sochraid eile a bháthadh ionas nach ócáid shollúnta ná maorga a bhí ionta mar ba chóir ach ócáid ina raibh teannas agus coimhlínt le mothú óna sluaite a bhí bailithe chun a mbeannachtaí deireannacha a ghabáil len Óglach marbh.

Agus ní hamháin sna Sé Chontae a bhí an cleas seo á imirt. Ag sochraid

Shéamais Uí Laighneach, duine den ochtar a maraíodh i luíochán Loch gCál, dhéan fórsaí stáit na 26 Contae ionsaí ar slua tar éis dá gcomráidithe rois piléar ina ónór a scaoileadh. Maraon le náisiúntóirí na Sé Chontae níor ghéilleadar — tá ceathrar poblachtánaigh faoi phónós idir cúig agus sé bliana i gCarcair Phóirtlaoise de bharr nár lig said dona gardaí cead a gcinn a bheith acu an lá sin.

NUAIR a theip ar an straitéis úd leis an pobal a chloí, chas siad ar ghléas eile — na sochraidí a ionsaí le gunnaí agus buamaí. D'ionsaigh gníomhairí an choróin le comhboibriú callánach Reilig Bhaile an Mhuillinn, Béal Feirste, le linn sochraid an triúr Óglach a scaoileadh marbh i nGiobrálta, ar an 6ú Márta. Mharaigh sé triúr, an t-Óglach Caoimhín Mac Bradaigh ina measc. Arís bhí an pobal cróga.

Cé shílfeadh, seachas siúd a thuig-eann pobal ag streachailt go gcasadh ógánaigh neamharmtha timpeall agus dul sa toraíocht ar an feallmharfhoir agus é á ionsaí, in ainneoin a chuid



● Socraid an Óglach Larry Marley a mhaslú ag fórsaí an choróin

gunnaí agus buamáí.

Nuair a tharla a mhacasamhail trí lá dár gcoinn mharaigh Óglaigh na hÉireann beirt gníomhaire de chuid arm na Briotaine a bhí tógtha ón ngluais-teán a d'ionsaigh sochraid an Óglaigh, Caoimhín Mhic Bradaigh. Ní raibh an pobal sásta glacadh lena thuilleadh, bhí siad chun cur i gcoinne tuilleadh ion-saithe.

Sna meán cumarsáide léiríodh pobal Iarthar Bhéal Feirste mar ainmhithe, mar dhaoine alta ach ní raibh siad ag cur san áireamh cé chomh corraitheach is a bhí an bliain 1988 go dtí sin do náisiúntóirí na Sé Chontae. Bhí na meáin sásta an pobal uilig a cháineadh toisc iad fhéin a chosaint ar shampla eile de impiriúlachas na Briotaine ag obair.

I mí Feabhra d'fhógair rialtas na Briotaine nach bhfuscaillfidh tuaraisc Staker/Sampson faoi comhaltáí den RUC a bhí páirteach a polasaí lámhach-le-marú i nDeisceart Ard Macha; Theip ar iarracht Seisear Bhirmingham a saoirse a fháil tar éis dóibh a gcás a thógaint chuig an Chúirt Achomhairce sa Bhriotain ag lorg cothrom na féinne; bunaíodh dlí frith-Éireannach rialtas Londain an PTA; mharaigh saighdiúir Briotanach Aidan Mac an Easpaig ag Eachadh na Cloiche agus é ar a shlí ó chluiche peile toisc gur náisiúntóir é agus nochtaíodh an t-seachtain chéanna gur saoraíodh saighdiúir Briotaineach eile a chiontíodh as dúnmharú Thomas Kidso Reilly is gan ach dhá bhlian de téarma príosúnacht saol curtha isteach aige agus go raibh sé i arm na Briotaine le linn an tréimhse sin ar fad.

I Márta tar éis do Óglaigh Brendan Burns agus Brendan Moley bás a fháil bpléascán anabái, dhéin fórsaí an chóróin magadh fúthu, d'fhág siad corp amháin ar an láthair ar feadh trí lá agus d'ionsaigh siad an sochraid.

I Sasana ghabhadar seachtar Éireannaigh faoin PTA. Bhí triúr acu ag tabhairt cúirte ar bhean Éireannach, a ghabhadh i Meán Fómhair agus a cuiríodh ina leith go raibh sí, in éineacht le beirt eile, chun Tom King a mharú. Daoradh ón mBriotain agus na Sé Chontae a dheirfiúr agus triúr eile in iarracht le scanradh a chuir uirthi.

Cuireadh chun bás na nÓglaigh Máiréad Ní Fhearaí, Donal Mac Cana agus Séan Sabhaois i nGiobráltair agus cuireadh moill ar na cónraí ar feadh seachtaine.


B'shin cúla dhá go leith mí sara tharla an eachtra i Reilg Baile an Mhuillinn. Ach b'shin díreach domhnán dena



● Agóid ag lorg go scaoilfaidh saor Seisear Birmingham



● Buamáí ag pléascadh i Reilg Baile an Mhuillinn



● Eachadh na Cloiche, an ait inar maraíodh Aiden McAnespie i Feabhra 1988 hionsaithe agus de fulaingt náisiúntóirí na Sé Chontae ar feadh 20, ar feadh 60, ar feadh 800 bliain. Ach mar is gnáth chuir siad sin díofa agus d'fhoghlaim siad ona dtaithi agus chuir siad chuig an streachailt le croi agus inchinn níos cinnte ar an gá leis an cogadh a bhuachaint.

BA léir i mbliana go bhfuil fir agus mná óga atá sásta troid ar son na saoirse. Tá Óglaigh na hÉireann tar éis a thaispeáint go soiléir nach bhfuil siad chun an cogadh a mhaoilliú. Ba léir cé chomh seiftiúil agus chomh h-intliúil is atá siad le buamáil agus ionsaithe gunnaí san Eorap, i Londain agus trasna na Sé Chontae uilig. Ach tá seo ag tarlú ar chostas an-ard: tá Óglaigh á marú agus á gcuir i bpríosún.

Tá sé thar am ag na Briotainigh Éire fhágaint agus ligint do phobal iomlán an oileáin seo teacht ar réiteach síochánta in Éirinn Aontaithe. Níl siad chun imeacht as a stuaim féin is gá iad a bhrú, agus a rá leo go soiléir nach bhfuil a láithreach sa tír ach ag maoiniú lá an tsaoirse.

Chun seo a mhíniú go soiléir agus chun aistharraingt na Briotaine ó Éirinn



● Ionsaí ag dilseoirí le tacaíocht ón stáit ar mairseál ag lorg cearta sibhialta, Burntollet 1969



● Óglaigh ar fianas i mBéal Feirste

a chuir ar an chlár polaitiúil. D'fhoilsigh Sinn Féin doiciméad *A Scenario For Peace* i Bealtaine 1987 agus chuaigh i gcaidreamh leis an SDLP i 1988 chun brú a chuir orthu an t-éileamh seo a chur chun cinn. Theip ar na cainteanna, toisc nach bhféachfadh an SDLP glac-

adh leis gur láithreach na Briotaine sna Sé Chontae an bun-fhadhb.

Tá fiche bliain ag druidim linn ó thús an chuid seo de chogadh na saoirse in Éirinn an bhfuil gá le fiche bliain eile de streachailt sara dtuigeann leith-eidí an SDLP na fíricí bunúsacha faoi

agus sara bhfaigheann muid ré le impir-iúlachas in Éirinn? Má tá, tá ár gcuid oibe leagtha amach romhainn mar níl na Briotanaigh chun imeacht as a stuaim féin. Caithfear iad a throid ar gach fr-onta — polaitiúil, eacnamúil, cultúrtha agus míleata.

Eiseachadadh

- An géilleadh is mó riamh

— LE MÁIRTÍN Mac DIARMADA —

Ag breacadh an lae ar an 27ú lá mí Lúnasa 1988 chuir an Garda Síochána Roibeárd Ruiséal trasna na teorann áit a ghabhadh é ag an RUC. Cúpla uair roimhe sin tógadh an príosúnach amach ó Charcair Muinseoigh trí chúl-doras agus suas leis go dtí na Sé Chontae. Ba léir don domhan an lá ina dhiaidh sin nach raibh an troid i gcoinne an eiseachadha ach ag tosnú nuair a chonaiceamar Roibeárd ar an teilifís ag glaach "Tiocfaidh ár lá" agus ag tabhairt dushlán dá choimeadaitheoirí cé go raibh sé ar ais i ngleic an RUC agus feall déanta air ag rialtas Fhianna Fáil.

Níor chríochnaigh scéal an eiseachadha leis an Ruiséalach agus níor thosaigh sé leis. Scéal fada casta é ach téama mór amháin ag dul tríd — méadú an chomhoibriú ag rialtas Átha Cliath leis an mBriotain, an Bhriotain i gcónaí ag éileamh agus rialtas Átha Cliath i gcónaí ag géilleadh. Is féidir a fheiceáil cé chomh mór is atá an géilleadh sin má fheiceann tú ar stair an eiseachadha idir an dá stát go dtí lár na '80í agus ó shin i leith.

I ndiaidh ionsaí armtha ar bheairic an RUC ag Ros Liath i gContae Fear Manach ar an 26ú lá mí Shamhna 1955 bhí polaitheoirí sna Sé Chontae ag éileamh eiseachadadh. Rinne príomhaire an chomhrialtais John A. Costello óráid faoi seo i dTeach Laighean ar an 30ú lá Shamhna. Maidir le chríochnú heighilt na hÉireann dúirt sé:

"Like all acts of injustice, it is a source of many evils, for which there is no remedy except the removal of the parent cause. Within the separated part of Ireland there is no true peace".

"The problem of the unlawful use of force is one which has been created for us by the actions of the British Government and parliament and by the unrelenting opposition of the Six-County authorities to any reasonable approach to the ending of partition".

D'aontaigh gach páirtí i dTeach Laighean leis nuair a dúirt sé faoin eiseachadadh:



"There have been complaints by the Six County authorities that we are not prepared to enter into an extradition agreement, by which we would undertake to hand over, for trial, persons accused of offences in the Six Counties or in Britain who have taken refuge in the territory under our jurisdiction. Before I go any further, it is necessary to clarify the position in this regard....."

"Let me say that there has never been any serious difficulty about the reciprocal enforcement of warrants in respect of ordinary criminal offences between the British and ourselves and that we are executing the warrants of English and Scottish courts in such cases as freely as they are executing ours....."

"International law does not require a State to surrender persons who have engaged in revolutionary activities in another State. On the contrary, it is well settled that every State has the right to grant asylum to political offenders and to decide for itself what is a political offence....."

"I must therefore, emphasise, in order to prevent any further controversy or discussion on this point that there can be no question of our handing over, either to the British or to the Six-County authorities, persons whom they many accuse of armed political activities in Britain or in the Six Counties."

"Let me repeat, with emphasis, that the unlawful use of force has its roots in Partition, and the primary responsibility for its existence rests, therefore, on those who have created and are sustaining Partition".

Cuimhnigh go raibh Costello ina

cheannaire ar Fine Gael.

I 1986 bhí an fear atá anois ina cheannaire ar Fhine Gael, Alan Dukes, mar Aire Dlí agus Cirt sa Chomhrialtas a chur an t-Acht um Eiseachadadh as comhair phairlimint na Sé Chontae is Fiche. Glacadh leis an acht sin le vóta an chinn chomhairle: vótáil Fianna Fáil ina choinne. Chuir an t-Acht nua deireadh leis an gcosaint polaitiúil do dhaoine atá á iarraidh ag na Sasanaigh ar bharrán-tais eiseachadadh. Tháinig sé díreach mar thoradh ar Chomhaontú Hillsborough a shíneadh ag Gearóid Mac Gearailt agus Margaret Thatcher bliain roimhe sin. Dúirt Cathal Ó hEochaidh ar son Fhianna Fáil nár aontaigh siad leis an Chomhaontú mar chuir sé isteach ar an mBunreacht.

CHÁIN Ó hEochaidh agus Gearóid Ó Choileáin (Aire Dlí agus Cirt anois) an córas dlí sna Sé Chontae. Dúirt ceann-airí Fhianna Fáil lena dtacaith-eoirí nach mbeadh siad sásta cinni polaitiúla a eiseachadadh.

Bhí an bua acu sa toghchán i Feabhra '87 agus naoi mí ina dhiaidh sin, nuair a bhí acht an chomhrialtais le teacht i bhfeidhm, chuir siad bille leasú os

comhair na dteachtaí. Anois bhí ceann-asaíocht Fhianna Fáil i bhfábhar an eiseachadha. Ní raibh sa bhille leasú ach cnámh a chaith siad chun ciúnas a chur ar alán dá dteachtaí féin a bhí buartha faoin eiseachadhadh mar bhí fhios acu go raibh cumainn agus comharilí Fhianna Fáil ar fud na Se Chontae is fiche ina choinne.

Glacadh leis an buille leasú agus tháinig acht an Chomhrialtais i bhfeidhm. Ní raibh fágtha anois ach socrú le údarais na Briotaine conas na 'safeguards' nua (mar a chuir siad ar an mbille leasú) a oibriú. Tharla cruinnuithe idir Ard Aighne Fhianna Fáil agus Ard Aighne na Briotaine chun é a shocrú. Agus na cruinnithe sin ar siúl ag tús 1988 chonaiceamar córas na Briotaine ag obair agus chonaiceamar chomh maith feallaireacht rialtas Atha Cliath. Mar, in ainneoin na n-eachtraí seo, lean sé ar aghaidh leis an eiseachadhadh:

I mí Eanáir d'fhogair Patrick Mayhew, Ard Aighne Thatcher agus an fear a bhí ag deighleáil le rialtas Fhianna Fáil ar eiseachadhadh, nach gcuirfeadh dlí ar chomhaltas den RUC a bhí páirteach sna heachtraí lámhacha a bhí mar ábhar tuairisce Stalker/Sampson.

Dúirt an Chúirt Achomhairc i Londain go raibh ciontú Sheisear Birmingham "slán agus sááil". Chaiteadh amach an achomhaire.

I mí Feabhra mharaigh arm na Briotaine Aodhán Mac An Easpaig in Eachadh na Cloiche agus é ar a bhealach dtí cluiche peile. Scaoileadh é sa dhroim ag saighdiúr a dúirt gur "shleamhnaigh" a mhéar ar an ngunna. Seacht mí ina dhiaidh sin shiúil an saighdiúr ó chúirt i mBéal Feirste nuair a dúirt an DPP "nach raibh a dhóthain fianaise" chun dlí a chur air.

Fograíodh gur scaoileadh saor an t-aon saighdiúr Sasanach amháin a chiontaíodh riamh do mharú sna Sé Chontae. Níor chaith Ian Thain ach dhá bhliain de therma beatha a cuireadh air tar éis gur mharaigh sé Thomas 'Kidso' Reilly i mBéal Feirste i 1983.

I nGiobraltar mharaigh an SAS Oglagh Máiréad Ní Fheareil, Sean Sabhaois agus Donal Mac Cana. Dúirt rialtas Fhianna Fáil san am go raibh "inní orthu" mar bhí an cumadh air go fhéadadh na poilíní na hOglagh a ghabháil.

B'shin iad cursaí dlí agus cirt na Briotaine in Éirinn agus Fianna Fáil ag socrú le rial-

tas Thatcher conas is fearr cimi polatiúla a eiseachadhadh. Conas is féidir leo géilleadh chomh mór sin a dhéanamh? Cúis amháin na seasamh na meán cumarsáide.

Ag labhairt i Nua Eabhrac ar an 29ú lá mí Mean Fomhair dúirt Rúnaí Ghnóthaí Eachtracha na Briotaine, Geoffrey Howe, go raibh áthas air go raibh nuachtáin Átha Cliath ag rá nach feidir 'margadh' a dhéanamh ar eiseachadhadh. Ard-mholadh ansin don *Irish Times*, *Irish Press*, *Irish Independent* agus *Sunday Tribune*.

Ach níl muintir na 26 Chontae uilig ceannaithe ag na Gaill. D'éirigh leis an bhreachtas frith-Easachadhadh tacaíocht leathan laidir a eagrú ar fud na tíre. Tá ceardchumainn, udaráis aitiúla, alán eagrais agus daoine éagsúla i gcoinne an eiseachadha. Agus tá fadhb mór ag ceann asaíocht caillte ag Cathal Ó hEochaidh ón alán des na daoine a thacaigh leis cúpla bliain ó shin nuair a bhí an 'Gang of 22' ag iarraidh é a chaitheamh amach mar cheannaire.

Ar an 6ú lá mí Dheireadh Fomhair rinne na gardaí cuardach tí ar Fhianna Fáileach i gContae Laoise atá gnómhach i gcoinne eiseachadhadh. Buile eile ar son na Briotaine ag rialtas Atha Cliath. An cheist is mó anois na cén toradh fad-thearmach a thiocfaidh i bpolaitíocht na Sé Chontae is Fiche ón stad seo. An bhfuil Fianna Fáil chun lámh a chur ina mbás fhéin? Tá ceist an eiseachadha ag lár-chroí an streachaile cjun an meon naisi-unach agus pobacht-ánach a shabháil sna 26 Chontae.

Go dtí go n-éiríonn le náisiúnaigh poblachtánaigh agus soisíslagh an streachailt sin a chur chun cinn agus é a bhuachaint is fada go dtiocfaidh an lá sin a raibh Roibéard Ruiséal ag glaoch amach agus é a chur thar an teorainn.



Diagacht na fuascailte

"NI THIG le duine a bheith ar son lucht na fulaingthe gan a bheith in aghaidh lucht na hansomachta. Anois, an té a chuireann in aghaidh lucht ansmachta déanann sé rogha aicme, rogha ar son na mbocht agus in aghaidh na saibhre. Rogha é sin a dhéanann scoilt san eaglais; tugann sé an chomhlínt isteach i saol na heaglaise..." Guilio Girard.

S iomaí uair a bhíonn trácht ar Nicearagua ar an nuacht ach san alt seo ba maith liom trácht ar na rudaí a tharla san Eaglais Caitliceach agus i ag glacadh páirt sa réabhlóid ansin. Tá súil agam go mbeidh muid in ann í a chur i gcomparáid leis an eaglais anseo agus go mbeidh athruithe déanta inti i gceann tamall.

Ar ndóigh caithfear an deachtóir-eacht lofa a bhí i bhfeidhm ag Somoza a chur san áireamh tráth nuair a bhí formhór na ndaoine beo bochi. Seo cúpla samplaí de na rudaí a bhí i bun sa chóras i Nicearagua an tráth san:

- Bhí an chuid is mó den talamh ag mionlach saibhir agus ar an taobh eile den scéal ní raibh ach 7% den talamh ag an dream ab ísle sin nó ní raibh talamh ar bith acu.

- Cé nach bhfuair an dream is boichte ach thart fá \$35, thig linn an mhalaire a thuiscint agus \$500 milliún sa bhainc ag Somoza agus cúig milliún acra aige chomh maith.

- Bhí drodh-seirbhísí sláinte, droch-choras oideachais agus tithe millteanacha ag lucht oibre na tíre.

Mar sin de, ní mór an t-ionadh gur thosaigh an pobail ag dul i gcoinne an chóras agus is é mo bharúil gur fiú amharc ar an pháirt a ghlac an eaglais sa streachailt sin. Go traidisiúnta, bhí an eaglais iontach coiméadach i Nic-



● An Pápa le Uachtarán Nicaragua Daniel Ortega le déanaí – sé an Pápa is mó atá ag brú i gcoinne diagacht na fuascailte san eaglais

earagua mar atá sí í ngach aon tír eile anois. Lena chois sin, bhí sí iontach mór leis an rialtas a bhí ag Somoza agus ní raibh sé ceangailte leis an phobal coitianta ar chor ar bith. Dá bhrí sin bhí cumhacht millteanach aici sa chóras sin.

ACH sna seascaidí tosaigh cuid den eaglais ag smaoin-
eamh ar dhóigheanna eile le go mbeadh an staid níos fearr. Bhí cuid de na sagairt den tuairim go raibh sé mar dhualgas orthu bheith ag obair i measc an phobail, i measc na daoine bochta. Thosaigh siad ag plé na fadhbanna agus na deacrachtaí a bhí acusan agus is as seo a d'fhás diagacht na fuascailte.

Tá na fhealsúnacht seo bunaithe ar an dream is boichte agus tá sí lán-chinnt go bhfuil Dia ar thaobh na mbocht. Dá bhrí sin bhí sí den bharúil nar de thoil Dé iad fadhbanna an phobail ach gurbh é córas a bhí i gcumhacht sa tír ba chionntaí leo. Mar sin de, tá an fhealsúnacht seo sáite sa pholaitíocht nó cén mhaith an diagacht muna dtugann sí iarracht fadhbanna an lae inniu a scaoileadh. Dá réir sin, ní thig ach maith a theacht as dlúth-

pháirtíocht leis an chosmhuintir; Da bhrí sin, ní bheadh an lucht oibre ag brath ar charthanacht nó déirce níos mó ach bheadh siad ag dúil le saoirse iomlán a bhaint amach. Os rud é go bhfuil diagacht na fuascailte bunaithe ar an mhuintir bocht, tá Marxachas is sóisialachas iontach tábhachtach d'fhonn an fhealsúnacht seo a thuiscint i gceart.

Ar ndóigh, bhí a fhois ag na Críostaithe seo go mbeadh orthu troid ar son na saoirse agus ba é sin an rud a rinne siad. Bhí comhthionóil curtha ar bun acu i measc an phobail agus iad ag plé dóigheanna éagsúla le saoirse iomlán a bhaint amach.

Ní amháin gur thosaigh na Críostaithe seo a bheith páirteach i gcúrsaí polaitíochta, óir rinne sagairt bolscaireacht faoin chúis a bhí an phobal, ach thosaigh na Críostaithe i Solentiname ag baint úsáid as foréigean láidir sa réabhlóid. Bhí an tAthair Ernesto Cardenal ina bhall den Frente Sandinista de Liberación Nacional (FSLN) agus maraíodh an tAthair Gaspar García Laviana agus é a troid ina dteannta. I ndeireadh na dála bhí tacaíocht ollmhór acu agus bhí, fiú, ar na heaspaig athrú óir díreach roimh imeacht Somoza dúirt siad-san go raibh "for-

éigean dleathach" in úsáid ag an phobal agus "tíorántacht" in úsáid ag Somoza.

Ar ndóigh céim chun tosaigh a bhí sa réabhlóid óir bhí leasaithe éagsúla ar son an phobail agus na Sandinistas i gcumhacht. Is cinnte go bhfuil an saibhreas roinnte níos cothroime agus go bhfuil córas oideachais agus seirbhísí sláinte níos fearr acu. Caithfear a adhmháil go mbeadh siad ag teacht ar aghaidh i bhfad níos fearr ach amháin go bhfuil fórsaí na frith-réabhlóide (SAM agus Contras) ag troid ina gcoinne.

Díreach i ndiaidh na réabhlóide ghlac cuid de na sagairt, a bhíodh sa troid, postanna sa rialtas nua agus bhí ar na heaspaig féin a adhmháil go raibh an FSLN i gceannas ar an réabhlóid agus gur tháinig maitheas as an rialtas nua.


Indiadh tamaill, áfach, thosaigh an scoilt idir "Eaglais an Phobail" agus "Cliarlathas na hEaglaise". Is dócha gur thug an cliarlathas fá dearna nach mbeadh an saibhreas ná an cumhacht céanna acu (agus ba chóir nach mbeadh, ar ndóigh).

Thosaigh an cliarlathas ag gearán faoi an sagairt ag obair leis an rialtas. D'iarr siad orthu féin as a bpostanna ar dtús agus i gceann tamaill briseadh sagairt áirithe as a ndualgaisí sagartóireachta. Anois tá an cliarlathas go dlúth in éadan an rialtais agus ba maith leo é a leagadh. Deirtear go bhfuil siad ceangailte leis na Contras agus go bhfuil siad ar lorg cuidiú airgead ón CIA. Mar sin de, tá cliarlathas na heaglaise chomh coimeádach agus chomh traidisiúnta i Nicearagua agus atá sí ar fud an domhain.

Is léir nach seasann cliarlathas na heaglaise ar son an phobail ar chor ar bith in Éireann. Tá eagla ortha roimh poblachtánaigh agus sóisialaithe óir táid féin i gceart sa chóras lofa atá i bhfeidhm. Is cinnte go bhfuil saibhreas agus cumhacht millteanach aici agus í chomh ceangailte sin leis na rialtais. Má tá muid inár mbaill den eaglais ba chóir go mbeadh saibhreas na heaglaise againn. Ar an drochuair, níl *Eaglais an Phobail* againn ach tá rogha ar a bhfuil ann de dhíth orainn.

Críochnóidh mé leis an fhreagairt a bhí ag Bobby Sands nuair a bhí an tAthair Faul ag cur brú air éirí as an stailc ocras:

"Greater love than this hath no man than he lay down his life for his friends."



• Na céad loing daoránaigh i mBotany Bay

Éaló ón Astráil

TÁ agus bhí tradaisiún i measc cimití poblachtánacha, éaló o lucht a ngafa is ó na carcacha ina cuirtí iad agus ina cuirtear fós iad. Tá sé soiléir sa tréimhse is déanaí seo den streach-ailt i gcoinne impiriúlachas na Briotaine in Éirinn ó na hiarrachtaí éalaithe agus na héalaithe féin.

Féach ma shampla an t-oll-ealú i Deireadh Fómhair 1983 inar éalaigh 38 Oglach ón Cheis Fada, an 'Magnificent Seven', i 1972 éalú 19 o Charcair Phortlaoise i 1974, nó an t-éalú san ingearán (helicopter) ó Charcair Portlaoise i 1973 nó éaló 11 'Kangaroo' ó Phríosún Chroimghlinne.

Tá stair thar a bheith speisiúil ag na cimití poblachtánacha roimhe seo fiú, na healaithe ó Campa Geibheann an Churraing, 26 i 1958 agus 50 i 1921; ealó 21 ó Phríosún Dhoire i 1943 agus 12 ó Phríosún Muinseo. Tá an leabhar *Sworn to be Free – the Complete book of IRA Jailbreaks, 1918-1921* as cló anois ach bhí cur síos ann ar staid na bpríosúin, iarrachtaí na gcimití éalú agus ar conas a d'éalaigh súid a d'éirigh leo dul saor.

Ach go minic agus muid ag trácht ar éalaithe, déanann muid dearmad glan ar na Finíní, na hÉireannaigh Óga agus siúdsan a chuaigh rompu. An chuid is

mó de na dreamanna úd nuair a ghabhadh iad díbríodh iad thar lear, chun na hAstráile ach go háirithe.

Idir an bhliain 1788 agus 1868 díbríodh 45,000 ó Éirinn ar bhord na longanna daoránaigh. Don chuid ba mhó b'é a bpionós an deoraíocht, i bhfad ó bhaile agus i bhfad ón streachailt ar son na síochána agus na saoirse. Briseadh ar sprid agus meon neamhspléach alán dena hÉireannaigh seo agus ghlac sin an córas chucu féin agus ghlac páirt iomlán ann. Ach d'fhan sprid na saoirse i mórchuid eile agus léirítear seo ó staidéar ar na héalaithe, na hiarrachtaí chun éalaithe agus na bacanna a chuir an rialtas cóilíneach i bhfeidhm d'fhonn na Gael a cheannnú.

THÁINIG na chéad cimití Éireannacha chun na hAstráile i 1789 ar bhord loinge ó Shasana. Ní go ceann trí bliana eile gur tháinig an chéad long daoránach ó Eirinn, an *Queen* le 162 cimití (fuair triúr bás le linn an turas) an chuid is mó acu cúisithe as mion-gadaíocht – gadaíocht de bharr an ganntanais a d'fhulaing tromlach phobal na tíre.

Ar dtús cuireadh na príosúnaigh go 'Botany Bay' i New South Wales, na

hAstráile, chuig na stáisiúin piónóis ansin ach níos déanaí cuireadh chuig Oileán Norfolk, Port Macquaire, Oileán Maria agus an Tasmáin iad. Nuair a daoradh na Finíní cuireadh chuig Iarthar na hAstráile toisc na stáisiúin san Oirthear bheith dúnta.

Láithreach nuair a thuirling na príosúnaigh Éireannacha san Astráil, i Meán Fómhair 1791, bhí roinnt acu cheanna féin ag samoineamh ar saoirse. (D'éalaigh bean amháin ón long fad a bhí sí i cuan Chóbh ag ullmhú don turas). Faoi mí an Samhna bhí riarthóirí an stáisiúin piónóis ag gearán i dtuarascáil oifigiúil:

"Of those who have been received from Ireland in the Queen transport, from 15 to 20 have taken to the woods and, though several of them have been brought in when so reduced that they could not have lived a second day if they had not been found, some of these very same men have absconded a second time, and must perish."

Bhí dhá thrian dena cimití neamh liteartha agus aineolas faoi chursai lasmuigh dá bparóiste féin in Éirinn agus tá seo soiléir ó na chéad iarrachtaí acu ón Astráil. Tar éis ráfla a cloisteáil shíl na chéad éalaithe go raibh an tSín i bhfogas siúlóid lae ó Chuan Botany.

I measc na bpríosúnaigh ar an

Boddingtons a shroich an Astráil i 1793, an *Sugar Cane*, 1793, *Marquis Cornwallis* agus 1795 agus an *Britannia* 1796, bhí daoine a fritheadh ciontach as 'treallchogaíocht talún' ach go háirithe baill dena grúpaí *Ultacha*, na *Cosantóirí* ('Defenders') agus na 'Peep O'Day Boys'.

Rinne a lán den dream seo iarrachtaí leanúnacha éalú agus de bharr sin tugadh droch-ide ar fad dóibh, crochadh seisear acu, lascadh agus daoradh pianseirbhís ar chuid eile aca.

TAR éis Eirí Amach 1798 agus Eirí Amach 1803 d'fbríodh 775 príosúnaigh polaitiúla comh maith le 292 cimithe eile chun na hAstráile, ar bhord ocht longanna, an *Minerva*, an *Friendship*, *Anne*, *Atlas*, *Hercules*, *Atlas II*, *Tellicherry* agus an *William Pitt*. An cuid is mó acu shocraigh said síos go drogallach.

Ach ní raibh said uilig sásta leis an chóras a bhí i bhfeidhm san áitreabh piónóis agus bhí ráflaí ann go minic faoi na cimithe bheith ag ullmhú éirí amach i gcoinne an chórais. Mar fhreagra ar seo lasc na riarthóirí na cimithe, cuireadh i ngeimhle iad nó i scríú sciathánach nó ag déanamh daoróibre.

I Méan Fómhair 1800 cuireadh 18 Éireannaigh chuig Oileán Norfolk agus tugadh 500 lasc an duine do chúigear aca agus 100 den ceithre eile. Arís i Meán Fómhair daoradh 34 fear le daor obair a dhéanamh in Oileán Norfolk, cuireadh beirt díobh seo chun báis i mí na Nollaig toisc ráfla eile faoi Eirí Amach. Fuair William Maum agus Benjamin Carroll 500 lasc an duine níos luaithe sa bhliain sin toisc gur thángthas orthu agus píce nua-dhéanta aca. Agus na húdaráis ag déanamh iarracht theacht ar eolas faoi picí sciúrsáil siad alán des na hÉireannaigh. Bhí Paddy Galvin ar dhuine acu seo. Seo a leanas cuntas ar an bpíonas a tugadh do:

"He was tied up next to receive 300 lashes. The first hundred were on the shoulders, and he was cut to the bone between the shoulder blades, which were both bare. The doctor ordered that the next hundred be inflicted lower down, which reduced his flesh to such jelly that the doctor ordered him to have the remaining hundreds on the calves of the legs. During the whole times Galvin never whimpered or flinched, if indeed it was possible for him to have done so. He was asked where the

pikes were hid. He answered he did not know, and that if he did he would not tell. "You may hang me," he said, "if you like, but you shall have no music out of my mouth to make others dance"."

Ní nach ionadh nach raibh na Gaeil go léir sásta glacadh leis an bpíonóis daortha gan troid, go háirithe má smaoiníonn tú ar an sórt sin píonóis agus cinn níos measa fós (tá trácht ar roinnt daoine ag fáil 1,000 lasc) agus air an dóigh inar ionnarrbhaíodh iad go dtí an Astráil. Toisc iad a bheith faoin deic i gcoinníollacha an-bhrúite ar fad, easpa aer ortha go minic, uisce agus bia ar chiondail, roinnt acu ag geimhle ar a gcosa agus muiníl agus gan na ceathrúna bheith glanta riamh. Bhí raigeanna le tíofas, dinnireacht, an tóchás, bolgach, galar carrach, agus fiabhrasí eile ar bord go minic fosta.

Fiú le linn an turais fada (sé mhí) ó Eirinn chuig an Astráil, bhí iarrachtaí agus ráflaí faoi iarrachtaí ag na cimithe éalú nó fiú na loing daoránaigh a fhorghabháil. Ach arís dheileáil na húdaráis go fíochmhar leo súid a ghlac nó a bhí ar tí páirt a ghlacadh (dar leo) in aon éirí amach cimithe ar bord loinge.

Lámhadh Marcus Sheehy os comhair meitheal lamhaigh, an t-aon chime a maraíodh mar seo ar bord loinge i 1800. Roinnt daoine eile crochadh iad nó cuireadh i mbraighdeanas faoin deic iad don chuid eile den turas, tar éis iad a lascadh, agus iad ar chiondail uisce agus arán.

As na cimithe a thuirling ón *Atlas II* i mí Deireadh Fómhair 1802, d'éal- aigh 15 díobh faoi lár na Samhna agus

ní bhfuair eadh 14 díobh go dtí Márta dár gcoinn. Crochadh beirt acusan.

AR an éirí amach be cháil- iúnla ag na cimithe san Astráil bhí Eirí Amach Chnoc an Chaisleáin nó Cath Vinegar Hill sa bhliain 1804. B'Éireann- aigh breis agus ceathrú chuid do dhaoine báb na hAstráile.

Theip ar an iarracht san toisc brath- adóirí (duine acu, deirtear Joseph Holt a bhí ina cheannaire ar Eirí Amach 1798 i gContae Chill Mantán, ach a bhí tar éis socrú síos go sona sásta san Astráil).

Oíche Domhnaigh 4 Márta, 1804, bhí os cionn 400 cimithe bailithe le chéile ag Cnoc an Chaisleáin, faoi cheannas Paul Cunningham ó Chiarraí. Chuir na húdaráis dlí airm i bhfeidhm láithreach. Scríosadh an t-éirí amach go tapaídh agus gabhadh a lán. Lámhadh Cunningham mar aon le ochtar eile agus croch- adh deichniúr, beirt acu i slabhraí.

Fuair thart fá 20 bás sa chath féin agus ar an chuid eile lascadh roinnt acu agus cuireadh an 40 ba mheasa (de réir na n-údarais) chuig na hoib- reacha guail sa Chaislean Nua. Níos déanaí cuireadh ar ais chuig Sydney iad toisc beart a bhí acu éalú. Tugadh idir 200 agus 500 lasc an duine dóibh.

Uaidh sin ar aghaidh bhí cúrsaí ciúin go leor san Astráil ach gearáin i gconaí ag na daoránaigh. Ceann amháin díobh, ná go raibh píonóis de 50 lasc ag dul d'aon duine a chualathas ag labhairt Gaeilge ó 1818 ar aghaidh. Rud é seo a ghoil go mór ar a lán



● Daoránach a sciúrsáil san Astráil

Éireannaigh, mar nach raibh Béarla ar a gcumas ag mórchuid den phobal Éireannach san tír ag an am.

BHÍ roinnt iarrachtaí eile éalu uaidh sin ar aghaidh, ach ní go dtí teacht na nÉireannach Óga a tharla aon mhór-eachtra eile. Tar éis Eirí Amach 1848, cuireadh alán dena ceannairí chuig 'Botany Bay'.

Ar an chéad dream bhí Kevin Izod O'Doherty agus John Martin a tháinig ar bhord an *Mount Stewart Elphinstone* i Deireadh Fomhair 1849, cuireadh ansin go dtí Van Diemen's Land iad, áit a bhí a gcomráidithe William Smith O'Brien, Thomas Francis Meagher, Patrick O'Donahue agus Terence Bellew McManus a bhí tar éis teacht ar an *Swift*. Níos déanaí tháinig Mitchel a bhí tar éis bliain a chaitheamh ar soithí príosúnachta i Bermuda.

Bhí coinníollacha difriúla i bhfeidhm san Astráil anois i dtaca le daoránaigh. Bhí sé de chhead ag na cimití seo feirmeoireacht a dhéanamh ar an mbeagán talún a bhronn na húdaráis orthu agus taisteal cuíosach saor laistigh de cheantar áirithe toisc gur ghlac siad leis na coinníollacha seo faoi mhionn. Dá mbrisfí na coinníollacha seo bhí piónós fíochmhar i ndán, lascadh, poiblí, pianseirbhís, daorú go h-Oileán Norfolk nó braighdeanas aonair.

Fiú leis an t-saoirse seo, bhí sprid na saoirse chun cinn. Dúirt Meagher faoin 'saoirse' a bhí acu, *"that between a prison and a district, there is just about the same difference as that which exists between a stable and a paddock: in the one you are made fast by a halter; in the latter you have the range of a tether."* Is léir nár spéis leo fanacht ansin.

Faoi Deireadh Fomhair 1850 bhí iarracht déanta Smith O'Brien a scaoileadh saor ó Oileán Maria é a chur go dtí na Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) ar bord loinge a bhí tar éis feitheamh. Theip ar an iarracht seo agus i 1853 diúltaigh sé do seans eile nuair a bhí plean eile á chur le chéile.

I Meán Fómhair 1851 dhéan a chomráidí Patrick O'Donahue iarracht éalú tar éis dó a 'ticket-of-leave' a thabhairt thar n-ais do na húdaráis. Gabhadh é ach tugadh 'ticket-of-leave' eile dó. I Samhain 1852, tar éis a shaorú, tar éis trí mhí i Stáisiún Phionóis Cascades agus a 'ticket-of-leave' bainte de, chuaigh sé i bhfolach agus d'éalaigh sé ar bhord loinge ó Hobart


go Melbourne agus as sin ar aghaidh go San Francisco.

Faoin am a d'éalaigh O'Donahue bhí beirt Éireannach Óga eile tar éis ealú. Cuireadh Terence Bellew McManus chuig Stáisiún Pionóis Cascades i mí na Nollag 1850 toisc gur sháraigh sé na coinníollacha a bhí glachta aige leo. Ar 22 Feabhra scaoil an Cúirt Uachtarach é agus chuaigh sé i bhfolach. D'fhreastail sé ar bhainis a chomráidí Meagher agus ansin d'éalaigh sé go Meiriceá. B'é cheann de buaic-phointí eagraíochta ag na Fíníní an sochraid a d'éagraigh siad do Terence Bellew McManus tar éis dó bás a fháil sna Stáit Aontaithe i 1861.

An chéad duine eile a d'éalaigh ná Thomas Francis Meagher a d'éalaigh roinnt seachtaine sular rugadh an chéad leanbh da bhean, mí Eanáir 1852. Níor fhead a bhean an turas iomlán a dhéanamh ina dhiaidh agus fuair sí bás in Éirinn.

AN t-éalú is mó eolas fuithi ná na t-éalú ag John Mitchel. Tá an t-eolas ar fad faoin éalú seo scríofa aige san saothair cáiliúil aige, an *Jail Journal*.

Tháinig P.J. Smyth, Éireannach Óg a raibh cónaí i Nua Eabhrac, chuig



• JOHN MITCHEL




• TERENCE BELLEW McMANUS

an Astráil in Eanáir 1853 faoi ordúithe ón Reacht-Oireacht Éireannach an oiread ab fhéidir de an cheannairí a thartháil. Bhí capall maith de dhíth at Mitchel don éalú agus dá bhrí sin cheannaigh sé capall giúistis na bpóilíní. Bhí sé féin sásta leis an smaoineamh go n-éalódh sé ar mhuin chapail a namhad.


Ar 12 Meitheamh, 1853, thug Mitchel a 'ticket-of-leave' suas i stáisiún na bpóilíní i Bothwell, tharraing sé siar a pharúl, thug sé nóta don ghiúistis a mhiniú sin agus d'fhan féachaint ar ngabhfhadh na póilíní é. Ansin dúirt sé leis an giúistis: *"You see the purport of that note, sir; it is short and plain. It resigns the thing called 'ticket-of-leave', and revokes my promise which bound me so long as I held that thing."* Le sin d'fhág sé slán acu agus d'éalaigh sé agus Smyth isteach sna coillte.

Bhí sé tamall sula raibh siad in ann éalú go dtí na Stáit Aontaithe. Thaist-eal sé maraon le Smyth, lena bhean agus a chlann faoin ainm, Mr Wright, at bhord *Emma*, ó Hobart go Sydney agus ansin at an *Julia Ann* go San Francisco.

D'fhill Smyth chun an trí cheannaire eile a thartháil i 1855 ach bhí na breith-



• THOMAS FRANCIS MEAGHER



• PATRICK O'DONAHUE

iúnais ina gcoinne curtha ar ceal faoin am sin.

AN long daoranach deireanach chun na hAstráile ná an *Hougoumout* a shroich Iarthar na hAstráile, 10 Eanáir, 1968. Bhí 63 "cimí polaitiúla ar bord — na Fíníní.

Ortha súid bhí John Boyle O'Reilly a daoradh chun báis i Feabhra 1866 breith a athraíodh ar ball go 20 bliain príosúntachta. Tar éis ocht mí mbraighdeanas aonair, cuireadh go Príosún Chatham é, a it as ar thrialaigh sé éalú. Rinne sé amhlaidh nuair a cuireadh go Príosún Portsmouth é agus arís eile fós nuair a bhí sé ag obair ag tógail claiseann ar Dartmoor. Bhí sé saor ar feadh dhá lá agus oíche an uair sin.

Ní raibh O'Reilly ach mí agus seachtain san Astráil nuair a fógraíodh gur éalaigh sé ar bord an *Gazelle* tar éis roinnt iarracht éalú ar an *Vigilante*. Shroich sé Philadelphiá, i Samhain 1869 agus láithreach chuir sé chuige a chomráidithe a thartháil.


Tugadh pardún do 45 cime i Bealtaine 1869, agus d'fhill a bhformhór ar Eirinn. Bhí seisear Fíníní fós i bpríosún san Astráil. Fir iad a bhí in airm na Briotaine chomh maith, Thomas Darragh, Martin Harrington, Robert Cranston, Martin J. Hogan,

James McNally agus Thomas H. Hassett. Bhí Hassett tar éis éalú agus bliain a chaitheamh sna coillte sul arís é.


B'é John Devoy a chur an plan le chéile le cuidiú triúir a bhí i Freemantle (an stáisiún piónóis), John Boyle O'Reilly, Thomas McCarthy Fennell agus John Kenealy. Cheannaigh siad long, an *Catalpa*, le h-airgead a bronnadh ortha ó na ceithre harda agus d'fhág sí na Stáit Aontaithe 29 Aibreáin 1875. Bhí an Fínín John Breslin ag feitheamh ortha san Astráil agus bhí sé ordaithe tugtha aige de na cimí.

Ar an 28 Márta 1876 shroich an *Catalpa* an láthair agus ar 17 Aibreáin d'éalaigh an seisear. Bhailigh slua mór sa chuan chun solas a fháil faoin toraíocht agus ní rabhadar díomach. Chuaigh long cogaidh na Briotaine an *Georgette*, sa tóir ar an *Catalpa*. Ach gan dabht ní raibh an *Catalpa* sasta stopadh. Shroich an *Catalpa* na Stáit Aontaithe ar 24 Lunasa, 1876.


B'shin deireadh le córas daorántachta na Briotaine chuig na hAistráil agus bhí na Gaeil tar éis a léiriú dá soiléirí nach go héasca a choimeádfadh siad cimí Gaelach a faoi ghlas nó i ndeoraíocht. Is soiléir sa lá atá inniu ann go bhfuil tradaisiún Terence Bellew McManus John Mitchel, John Boyle O'Reilly agus a leithéidí fós beo i measc na gcimí poblachtánacht.



• JOHN BOYLE O'REILLY



• JOHN DEVOY



Fóilseacháin Poblachtacha

TÁ Féilire Poblachtánach 1989 ar díol anois. £1.50 an costas. Tá griangrafanna de múr bhallaí na Sé Chontae agus tagairtí ó phoblachtánaigh le chuide mí.



BA chóir go mbeadh Dialann Poblachtánach ag gach réablóidí. Tá liostaí uimhir guthán de ionaid Shinn Féin, ionaid ban, grúpaí Gaeilge, na meán cumarsáide srl. Chomh maith tá tagairtí ó phoblachtánaigh agus cuimhneacháin ar nithe a tharla sa stair poblachtánach. £3.00 a luach.



Is féidir na dialanna agus na féilirí a ordú ó: 44 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1. nó 51/53 Bóthar na bhFál, Béal Feirste.

Saoirse do ghéibheannach

— LE LIAM Ó BRADAIGH —

BA BREÁ, brothallach, samh-brúil i Meán Fómhair 1944, bhí geibheannach ina shuí ar an dtalamh ag breathnú ar chluiche peile a bhí ar siúl idir Chiarraí agus Baile Atha Cliath. I gCampa an Gheibhinn sa Churrach, ní i bPáirc an Chrócaigh a bhí sé ar siúl. Bhí an-tabhacht sa chluiche seo, bhí gach a raibh sa champa ag tnúth leis le fada. Gach uile ábhar eile dá raibh le déanamh againn dearmadta, an cluiche seo amháin ag aigne chách.

Trasna an 'compound' agus fríd na h-imreoirí, gan bachaint leo, tháinig trí póilíní airm ag máirseáil díreach i dtreo an ghéibheannaigh gan stop gur shroich siad é.

"Ar do chosa," a dúirt siad gan fuaim amháin bhéasach ina nglór. D'éirigh sé go tapaidh agus sheas os a gcomhair ar aire. Shiúl siad timpeall air go dtí go raibh siad ar a chúl. "Ar aghaidh leat go dtí go dtabhairfimis ordú eile duit," ar said ansin. Shiúl sé ag aghaidh mar a d'ordaigh siad. "Gabh díreach go dtí an bothán sin os do chomhair agus iompaidh ar dheis." Rinne sé amhlaidh. Daichead 'paces' níos faide ar aghaidh, dúirt siad ansin, "iompagh ar chlé, agus téir díreach go dtí do bhothán féin." Rinne sé sin. "Isteach an doras leat agus croch suas do chuid éadaigh, leabhair agus gach eile ar leat iad agus do leaba chomh maith."

Bhí sé i gcruachás, mar seachas an méid stuife a bhí aige, b'é an leaba ba mheasa. Bhí trí 'plank' ann agus dhá 'trestles'. Ní raibh air na pluideanna ná an tocht a thógaint.

Tríd a aigne bhí smaointe ag dul ar nós na gaoithe. Bhí trí fáthanna le h-ordú mar seo. Beadh sé ag dul go dtí an 'glass-house' as ucht rud éigin a rinne sé, agus ní raibh sé i ndán cuimhniú ar rud ar bith a tharla mar sin. Bheadh sé ag dul amach ar pharóil, ach ní raibh sé isteach ar sin ach oiread. Bheadh sé ag dul abhaile, bhuel?

Ní thugtaí aon chúis, an aimsi sin, nuair a d'fhág duine an campa, mar d'fheadhfá eolas ar leith a tógaint amach leat.



● Campa géibheann an Churrach, 1944

Nuair a bhí a phaca ar a droim aige d'ordaigh siad dó dul i dtreo an gheata mhóir ag ceann an champa. Shiúl sé chuige ar nós Iosa ar an mbóthar go Calbhaire. Bhí an paca an-trom ar fad agus díreach lasmuigh den geata thit an leaba agus uile ar an dtalamh. Tháinig sairsint éigin trasna agus phioc sé suas iad agus d'iompar sé iad leis go dtí an bothán ina raibh an 'commandant'. Lean siad é isteach.

BHÍ an 'commandant' in a shuí ag a bhord. D'fhéach sé ar mo dhuine agus dúirt: "Tá tú ag imeacht as an gcampa seo láithreach."

B'shin é. Gan focal eile baineadh de an leaba agus aon rud eile a cheap siad a bheith neamh-dleathúil; nótaí léachta-anna, mar shampla nó litreacha ar leith ar cheap siad a thabharfadh drochainm don champa.

"Right", ar sé, "I don't know why they're letting you out, but off you go anyway."

Ba mise an ghéibheannach sin. Lorg mé ticéad iarnóid uaigh agus ar sé, "we don't have any tickets on a Saturday, but if it suits, you can stay here till Monday and I'll give you one then. You can stay in the glass-house till then."

"Tá sin ceart go leor," arsa mé, "gabhfaidh mé láithreach."

Bhí faitíos orm fanacht ar eagla go d'tarlódh rud éigin idir an dá linn. Thug sé pas an gheata dom agus amach liom ar an mbóthar fríd bearraicí an Churraigh.

B'ait liom glór na mban agus na bpáistí ag teacht ó na tithe ag siúl liom tríd na bearraicí. Níor chuala mé ach glór fir le blianta go dtí sin. Ar aon chaoi tháinig mé sa deireadh go geata na bhfairtheoirí. Dúradh liom stopadh, stop mé agus thug mé an pas dóibh agus ardaíodh an baracáid. Shiúl mé fríd.

Bhí sé saor!

Thug mé cúpla poc-léim uaim agus as go brách liom ar mo bhealach abhaile.

TAR éis uair go leith nó mar sin tháinig mé go Droichead Nua i gContae Chill Dara. Bhí an-thuirse orm as ucht meachain an phaca (bhí fidil agam chomh maith le gach rud eile) agus fad an tsiúlóid seo.

Chuaigh mé isteach i dtig tabhairne i lár na sráide móra. Shuigh mé síos ar chathaoir ar thaobh boird bhig.

Bhí mé ag caitheamh culaith éadaigh ar a dtugtaí *Martin Henry* ortha. Bhí sé stróichte ar fad. Bhí féasóg fhada ar mo aghaidh, mar níor bhearr an chuid is mó dinn' ár n-aghaidheanna fad a bhíomar i ngéibheann. Bhí bróga airm an stáit orm a bhí ag déanamh clampar mór ar an úrlar.


Tháinig fear an tí chugam ag féachaint go fiosrach orm agus sul a raibh sé i ndán rud ar bith a rá, dúirt mé leis an chaoi a raibh sé liom agus mé díreach tar éis teacht ón gCurraich.

Dúirt mé leis freisin, nach raibh aon airgead agam ach trí scilling go leith de 'airgead an Churraigh.' 'Sé airgead an Churraigh, airgead a rinne arm an tSaorstáit go speisialta i gcomhair an champa mar dá bhfaighfeadh na geibheannaigh airgead an stáit, bheadh siad ábalta na póilíní srl a bhreabadh.

D'éirigh sé an-bhéasach ar chloisint an scéil dó agus dúirt sé liom mo rogha rud a lorg. Cé nár ól mé mórán sular gabhadh mé, d'iarr mé air pionta portair agus ceapaire le n-ithe. Tháinig sé ar ais leis an pionta ach ní raibh an ceapaire aige. Nuair a chonaic sé an díomá air mo aghaidh, dúirt sé go mb'fhearr dom fanacht go ham lóin agus go mbeadh béile ceart le n-ithe agam. Bhí mé an tsásta le sin agus tharraing mé an trí scilling go leith dó mar sheoid cuimhne. Thóg sé uaim iad agus is dóigh go bhfuil siad aige fós ná tá sé beo go fóill.

B'SHIN ag h-aon a chlog an lá sin Satharn, agus thosaigh na hoibritheoirí ag frith-eamh isteach san tabhairne ón dá mhonarchan sa bhaile.

Tar éis tamall, agus mé ag gabháil den pionta, chonaic duine díobh an fidil a bhí agam agus d'fhiafraigh sé díom cúpla port a sheint. Rinne mé amhlaidh agus tháinig pionta eile chugam ón



dream oibritheoirí. Lean sé mar sin go dtí leath uair tar éis a dó nó mar sin. Ag an am seo bhí an bord os mo chomhair lán de phiontaí mar ní raibh mé i ndán iad a ól.

Tháinig fear-a-tí chugam agus dúirt sé go raibh an dinnéar réidh agus dul suas staighre chuig seomra an lóin. Dúirt sé as taobh a bhéil go gcuirfeadh sé na piontaí ar chúl an cuntair agus go ndíolfadh sé iad agus go dtabharfadh sé an t-airgead domsa in a n-ionad. Chuaigh mé suas staighre leis agus shuigh mé síos leis an béile is fearr dá raibh agam roimhe nó ó shin, a ithe.

Ag an dinnéar, dúirt sé liom go raibh carr aige ach nach raibh dóthain 'gáis' aige chun mé a thiomáint go Baile Atha Cliath (le linn an chogaidh deiridh bhí ganntanas peitрил ann agus b'éigin do na tiománaithe mála mór gáis a bheith acu ar bharr na ngluaisteán). Bhí mála gáis mo dhuine beagnach folamh agus ní bheadh sé i ndán é a líonadh arís go dtí an Luan.

"Ar aon chaoi," ar sé, "tá traen ag teacht ó Mala am éigin inniu agus cuirfidh mé thú ar an traen sin go Baile Atha Cliath."

D'inis mé dó cé chomh buíoch sí a bhí mé agus lá éigin go dtiocfainn ar ais chuige le gach rud a aisíoc. Dúirt sé liom gan bacaint leis, go raibh sé lán-tsásta cabhair a thabhairt dom.

Tar éis an béile, tháinig mé anuas an staighre go dtí an beáir agus fuair mé

ceann des na piontaí a d'fhág mé ar leath-taobh agus thosaigh mé an gabháil den, cheoil arís. D'iarr mé ortha súid sa bheáir gan a thuilleadh a cheannacht dom. Rinne siad amhlaidh.

INDEIREADH na dála dúirt fear-a-tí go mbeadh an traen san stáisiún i gceann leathuaire nó mar sin agus go m'bfearr dúinn dul go dtí an stáisiún. Ní raibh amhlár ceart ag na traenacha na laethanta sin toisc nach raibh gual acu agus toisc go mbíodh an mhóin an-fhliuch.

Nuair a shroich muid an stáisiún, cheannaigh fear-a-tí ticéad dhom agus d'fhan sé liom go dtáinig an traen. Nuair a tháinig an traen, stop sí le tamall gearr ionas go gcuifidís a thuilleadh adhmaid innti. Ghlaoigh fear-a-tí ar an garda traenach agus d'iarr sé air mé a thógaint leis i gcar-an-gharda.

Thug sé beart ceapairí dó fá mo choinne. Thug sé airgead dó chomh maith agus dúirt sé le taxi a fháil dom lasmuigh de Stáisiún Hueston (Stáisiún Kingsbridge a bhí ar ag an am) chun mé a thógaint abhaile, mar nach raibh fhios agam cá raibh cónaí orm. Bhí mo mhuintir tar éis teach nua a fháil ó déanadh mé a imtheorannú.

Dhein an garda traenach gach a dúradh leis agus shroich mé mo bhaile slán.

Ainmneacha pearsanta

LE himeacht ama tagann athruithe ar ainmneacha in aon teanga. In Éireann, le dul i léig na Gaeilge agus dul chun cinn an Bhéarla ba mhó arís na hathruithe a tháinig ar fhoirmeacha agus litriú, agus ní do na hainmneacha pearsanta amháin a tharla sé ach do na sloinnte agus do na logainmneacha chomh maith.

Is mó suim atá ag formhór na ndaoine, is dócha, sna sloinnte, mar go mbaineann siad araon lena stair phearsanta agus le stair na tíre. Ach is fiú meabhrú gur ó ainmneacha pearsanta a tháinig cuid mhaith de na sloinnte is dtús ama, ón am nach raibh againn ach ainmneacha pearsanta. Samplaí de na sloinnte seo atá in úsáid go fada leiththeadach is iad Ó Néill, Ó Dónaill, Mac Carthaigh, Ó Catháin, Ó hAnnluain, Ó Dubhghaill (Ó Dúill) Ó Cinnéide.

Bhíodh rogha mór ainmneacha pearsanta ag na Gaeil fadó: deir eolaí amháin go bhfuil tuairim is dhá mhíle déag acu le fáil sna foinsí. Ach ar an drochuair níl ach beagán beag acu sin coitianta anois, d'ainneoin go bhfuil méadú suntasach le tamall anuas (agus go háirithe sa Tuaisceart) ar líon na dtuismitheoirí a thugann ainmneacha Gaelacha ar a gcuid páistí. Mar sin féin is ceart breathnú orthu, nó mar a dúirt Donncha O Corráin: "*names carry cultural values and have powerful historical associations*".

Thíos anseo tá roinnt beag ainmneacha pearsanta a bhí ar ár sinsir fadó agus atá ann go fóill ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile. Cuirtear an gnáthleagan Gaeilge inniu ar dtús, agus an bunleagan, sé sin, an seanleagan, idir lúibíní. Leaganacha Béarla nó Gallda atá coitianta (mar shampla, Kevin), luaitear iad de ghnáth sa téacs.

ÁINE

Bhí sé seo ar fhear agus ar bhean fadó ach ní mhaireann sé anois ach mar ainm mná.

'Gile' no 'loinnir' is ciall do. Bandia ab ea Áine, ar dún na síog a bhí ar Chnoc Aine (Knockainey, Luimneach) ba leannán Ailill Olom ar shólaigh

an Eoghánacht uaidh de réir seanchais. I dTír Eoghain bhí Áine mar bhean chaoite ag Muintir Uí Chorra agus sa dheisceart ag na Gearaltaigh. I scéal amháin bíonn Áine i ngra le Manann-an Mac Lir, i scéal eile le Fionn. Bhí naomh a raibh Áine uirthi ach is beag eolas atá ann fuithi.

Faoi dheireadh na naoú haois déag bhí an t-ainm a aiathriú go 'Hannah', 'Anna', no 'Anne', ainm ón seantiomna nach bhfuil baint dá laghad aige le 'Áine' na hÉireann.

AOIFE (AIFE)

'Ailinn' nó 'Ionrach' is ciall dó. Is seanainm sa litriocht é: Aife a bhí ar bhean chéile Conall Cearnach, an laoch Ultach; bhí Aife Foltfhind ar infon rí Uladh, agus Aife Derg ar infon rí Chonnachta, bean a ndearna Naomh Pádraig cleamhnas di, de réir seanchais.

Déantar an t-ainm a ghalldú mar 'Eve' nó 'Eva' ach cosúil le Áine níl baint ar bith ag an t-ainm Gaeilge leis an leagan Béarla.

AODH (AED)

Is ar éigean atá an t-ainm seo le fáil inniu ach tá sé curtha isteach mar gheall an ainm 'Hugh' a ghlactar mar 'aistriúchán' air agus atá coitianta ar fud na tíre. Le ffrinne a rá níl ceangal

ar bith idir an dá ainm!

Seanainm Gearmanach é Hugh. Is focal Ceilteach é 'Aed' — an duine a rinne Caesar sa Laidin ar scoil beidh cuimhne aige ar na 'Aedui' a bhí lonnaithe sa Ghaill. 'Tine' is ciall don bhunfhocal.

Ba é an t-ainm ba mhó úsáide in Éirinn a allod. Bhí sé ar ríthe agus ar naoimh araon: Aed Slane, ardrí a fuair bás i 607, Aed Mac Aunmerech a maraíodh i 601, Aed Bennan, rí ar an Iar Mhumhan a fuair bás i 619, agus ar aghaidh beagnach míle bliain go dtí an bheirt taoiseach a throid ag Ceann Sáile, Aodh Ó Neill agus Aodh Ó Dónaill. Tá tuairim is fiche naomh a bhfuil an t-ainm air.

Sloinnte mar Hughes, MacHugh, MacCoy agus eile, is ón ainm seo iad a dtús ama.

AODHAN (AEDAN)

Is díspeagadh (diminutive) é Aedan ar an ainm Aed/Aodh (féach thuas) agus bhí sé coitianta go leor tráth. Bhí naomh is fiche a gaibh sé orthu, ach is cinnte gurbh é Aedan a thug an Chríostaíocht go tuaisceart Shasana agus bhunaigh Lindisfarne sa seachtú haois is iomráití orthu.

'Aidan' an gnáthleagan Béarla, agus baintear feidhm as 'Aedín' mar leagan bainneann.



● Cruach Padraig, Contae Maigh Eo

ART

'Art' an seanfhocal a bhí ar 'béar' ach nár úsáideadh ach mar ainm pearsanta. Níor cheart é a mheascadh leis an ainm a thagann ó 'Arthur'. Is ainm ann fein e Art na hÉireann.

Bhí sé coitianta ar ríthe sa tsean-aimsir, mar shampla, Cormac Mac Airt, ach mhair se mar ainm pearsanta go dtí an lá inniu go háirithe ag theaghligh mar Ó Néill, Mac Murchada, Ó Conchobhair, agus Ó hEaghra. Ón díspagadh 'Artán' tháinig an sloinne 'Mac Artáin' sa Dún. Is dócha gurbh é Art Mac Murchada, a thug cuireadh do na Normanaigh teacht go hÉirinn, an duine is mó clú — nó míchlú!

BREANDÁN
(BREAINN/BREANAINN)

Tá an t-ainm seo ó fhocal ar iasacht ón Bhreatainis, 'Brenin', 'prionsa' is ciall dó. Ach na leaganacha Ghaeilge agus Bhéarla atá in úsáid inniu, Breandán agus Brendan, is ar an fhoirm Laidine, Vrandanus, Brendanus, atá siad bunaithe. Mar 'Breainn' bhí an t-ainm forleathan fadó: luaitear seachtar naomh déag a raibh sé orthu.


Is cinnte gurbh é Naomh Breainn a bhunaigh Cluain Fearta faoi lár na seú haoise, is mo aithne air. Rugadh é ar an taobh ó dheas le Chuan Thrá Lí, agus bhí ardchlú air, ní amháin mar gheall ar an cúpla mainistir a bhunaigh sé ach ar an taisteal a rinne sé, a bhfuil cuid mhór seanchais faoi; tá se amuigh air, ar ndóigh, gur bhain sé Meiriceá amach. Ó na fothracha den mhainistir eile a bhunaigh Breainn, Ard Fearta, is féidir amach siar agus radharch a fháil ar Chnoc Bhrennainn (Brandon) i gCorca Dhuibhne, a ghlac a ainm uaidh.

Ní leagann beineann é Brenda ach ainm ann féin ó Inse Shealtainn, ó fhocal Ioruaise.

BRIAN

Seo ainm eile atá in úsáid go forleathan inniu. Is mar gheall ar Bhrian Boramha é sin, is dócha, an té ba cháiliúla dá raibh sé air — mar is eol do gach páiste scoile bhuaigh sé cath Chluain Tarbh i 1014. Is uaidh a tháinig an sloinne Ó Briain.

Ach iontach go leor, níl bunadh an ainm soiléir. Cheap Ó Rahilly gur fhás sé ó fhocal Ceilteach, 'Brogonos'



● Teampaill Naomh Caoimhín, Cill Mantáin

a raigh an chiall 'uasal' leis. Bhí sé in úsáid go luath ag na Niallaigh, mar shampla, Brian Catha an Dúin, a maraíodh sa chath sin i 1260, ag troid i gcoinne na Normanach (An Dún — Dún Phadraig).

Baintear feidhm as Bernard, Barney, etc, mar leaganacha gallda.

BRIGID/BRID (BRIGIT)

*Gabham molta Bride,
Ionúin i le hÉirinn,
Ionúin le gach tír í,
Molaimis go léir í.*

Tá ómós faoi leith ag muintir na hÉireann do Naomh Brigid: 'Muire na nGael' a thugtar uirthi go coitianta, d'ainneoin nach bhfuil an oiread sin eolais againn uirthi.

'Bandia' is ciall don ainm, ó fhocal Ceilteach, 'Brigenti'. Sa tréimhse reamh-Chríostaí bhí Brigit mar bhandia na filíochta agus máthair deithe na ceardaíochta. Ach is mar ainm an naoimh anois a bhfuil cuimhne air, cé gurbh fhéidir gur meascadh ómós na beirte: mhair iarsmaí den pháigántacht go dtí an aois seo in áiteanna in Éirinn.

Is cosúil go raibh cúigear naomh déag a raibh Brigit orthu sa tseanam; tá scéal deas faoi duine acu a raibh teampaill aici ar bhrúach na Sionainne agus chuireadh féirín ag seoladh síos in abhainn ag triall ar Naomh Senan ar Inis Cathaigh, nó ní ligeadh Senan do bhean cos a chur ar an oileán!

Mar ainm ní raibh sé coitianta go dtí an naoú haois déag, ach is féidir gur ómós don naomh a ba chúis le sin: bhí Mael Brigte agus Giolla Brigte in úsáid choitianta sna meán-aoiseanna. Déantar an t-ainm a ghalldú mar 'Briget', ach le ceart, tá sé sin ón naomh Sualannach, Brigitta, a mhair se cheathrú

haois déag agus a bhfuil a lá féile ar an chead la Feabhra fosta.

CAOIMHÍN (CAEMGEN)

Is feidir ciall an ainm seo a fheiceáil sa seanleagan, 'caem' agus 'gin' (i litríú an lae inniu, 'caomh gin'), sé sin, breith álainn. Bhíodh an tosach 'caem' ar ainm go minic: Caomhan, Caoimheall, Caomhlu, Caomhnait, Caomhog; ach níor mhair ceann ar bith acu. Seans gur clú an naoimh sin a bhunaigh a mhainistir ag Gleann Dá Loch is cúis den ainm caoimhín bheith againn go fóill. Deir seanrann:

*Caemgen caid cain cathair,
i nGunn da lind leathan.'*

Téann líon mór daoine ar cuairt go dtí an suíomh seo, nó ní amháin go bhfuil neart iarsmaí le feiceáil, clogtheach, teampaill, agus eile, ach tá an t-íomlán suite go hálainn ar sleasa sléibhte Chill Mhantáin. Mhair Caemgen idir an seú agus an seachtú haois, ach ar nós naoimh eile den tréimhse seo níl an oiread sin eolais cinnte againn faoi.

Mar 'Kevin,' an leagan Béarla, tá an t-ainm ar cheann de na cinn is coitianta sa tír anois.





An litríocht sa chultúr

LE DÁITHÍ Ó hOGÁIN

TÁ iarrtha ag an eagarthóir orm beagán a rá faoin litríocht in Éirinn i láthair na huaire agus faoin gceangal idir í agus an gnáthshaol agus na fadhbanna a bhaineann leis an ngnáthshaol sin. Is é sin, cad é an pháirt atá ag an litríocht sa chultúr, agus cad é an pháirt ba innholta a bheith aici.

An chéad rud nár mhiste a shoiléiriú is ea cad go díreach atá i gceist againn leis an bhfocal seo litríocht. I gciall amháin is ionann an litríocht agus a bhfuil de scríbhneoireacht ilchineáil ar siúl, scríbhneoireacht at a n-áireoidimid

litreacha a bhreacadh go priobháideach, fiú dialanna a choimeád, chomh maith le gnéithe poiblí den cheird ar nós na hiriseoireachta, saothrú na scéalaíochta agus na fealsúnachta trí chéile, agus ar ndóigh ailt ócáidí mar atá anseo. Ní in aisce a luaim na gnéithe éagsúla sin den scríbhneoireacht, mar go bhfuil a thábhacht féin le gach ceann acu maidir le staid na teanga seo againne faoi láthair. Ní fearr slí, cuir i gcás, do dhuine feabhas a chur ar a chuid Gaeilge ná cín lae a scríobh go rialta, nó a bhfuil aige nó aici a úsáid i gcomhfhreagras idir gaolta agus cairde.

Déantar iniúchadh ar úsáid na teanga trí í a scríobh, agus cuirtear slacht agus snas uirthi dá réir. Arís, dá mhéid den Ghaeilge a bhíonn in úsáid ar nuachtáin

agus irisí is ea is treise a bhíonn sí a labhairt, agus glacann gach aoinne leis gur dlúthchuid ar fad d'athbheochan na teanga leabhair a bheith á scríobh agus á gcur ar fáil go rialta raidshiúil inti — leabhair do gach saghas an aidhm ba cheart a bheith againn. Ach chomh fada is a bhaineann leis an litríocht ar a buaic, is cúrsaí smaointeachais agus cruthaitheachta is mó a shamhlaitear leis an ngnó.

Nuair a dhéanaimid scrúdú ar a bhfuil den sórt seo scríbhneoireachta déanta le leathchéad bliain anuas sa Ghaeilge, tuigimid gurb í an chruthaitheacht shamhlaitheach atá ag iompar an ualaigh seachas an cíoradh intleachtúil. Cé go bhfuil roinnt leabhar suntasach againn ag plé gnóthaí cultúir, gnóthaí

idé-eolaíocht agus gnóthaí diageolaíocht, is iad an ghearrscéalaíocht agus an fhilíocht atá mar sméar mhullaigh ar an gcorpas iomlán. Tá iarrachtaí maithe déanta san úrscéalaíocht agus sa drámaíocht, leis, ach níl an traidisiún chomh láidir céanna sna réimsí sin.

Fágann seo ar fad, i gcás na glanlitríocht a nGaeilge an lae inniu, gurb í an chruthaitheacht atá chun tosaigh — 'litríocht ealaíne' (*art literature*) an téarma is cruinne le n-úsáid dó seo, is cosúil, cé ná fuil an téarma seo in úsáid go ró-choitianta fós. Nuair a dhéantar iarracht ar an ngné seo de shaol an duine a chur ina chomhthéacs ceart ardaítear ceisteanna áirithe ar fíú aird a dhíriú orthu — is é sin, go mbraitear gá a bheith le teoiric — agus leis an bhfás mór atá tagtha ar an léirmheastóireacht litríochta le céad éigin bliain thar lear is mó dearcadh atá léirithe ag scríbhneoirí agus ag lucht a bpléite san iliomad teanga agus san iliomad ball dá bhfuil ar dhroim an domhain mhóir.

Trí theoiric éagsúla a bhíonn i gceist go bunúsach. Ní haon dua linn iad siúd a chur i láthair faoin thrí cheannteideal a mbeadh glacadh leis na teidil sin ag na dreamanna a bhíonn páirteach le gach ceann acu faoi seach. Is iad sin: 'an ealaíon ar son na healaíne' (*art for art's sake*), 'an réalaióchas sóisialta' (*social realism*), agus 'aestéitic fhorásach na healaíne' (*the progressive aesthetics of art*).

AN chéad theoiric acu siúd-sa mhéid is gur teoiric in aon chor í, mar a chiffeam — an ceann is doiléire agus is duaibhsí díobh. Tá cuma amalach ar an teideal féin, agus is féidir a rá gur athluachan cainte ('tátalóige') atá ann, ach ar a shon sin is í amháin atá aithinte mar theoiric ar an leibhéal oifigiúil in Éirinn agus cúrsaí mar atá.

An sainmhíniú a thabharfadh an 'guth oifigiúil' seo ar an teoiric — agus fágaimis an t-ardán fúthu agus na hisléáin fúinn féin go fóill — is ea í a shainmhíniú i ndáiríre. Moltar an bhreith ar cad is ealaíon ann a fhágaint fúthu siúd a bhfuil an bhreith sin fágtha fúthu.

Is léir gur áisiúil an rud an tuairimíocht chiorcalach seo dóibh siúd a bhíonn ar an taobh istigh agus ar fúthu a bhíonn an phleanáil agus an riaradh, maraon le breith a thabhairt agus beachtú a dhéanamh. Ní oireann aon seans a thabhairt don mheasnoireacht

ón taobh amuigh.

Nós é seo a chuirfidh i gcuimhne do mo chuid léitheoirí saol polaitiúil an *status quo*, le meánfholcadh na meán cumarsáide, leis an gcinsireacht agus an cosc ar thuairimí; agus ní haon iontas é gur leis an teoiric litríochta seo atá a luí agus a mbá ag lucht na cumhachta ar fad. Cuireann an teoiric srian le forás na healaíne, cuireann sí an bhréag-intleachtúlacht in ionad an smaointeachais, agus tugann sí ar scríbhneoirí fadhbanna socheolaíochta agus polaitíochta na linne a sheachaint. Iad a sheachaint, is é sin, chomh fada agus a oireann sin don dream atá i gcumhacht.

Ní gá a rá go ngabhann go leor den leadrántacht le dearcadh (nó frithdhearcadh) den sórt seo, agus chun éalú ón leadrántacht téitear i muinín an gháifeachais ar uaire, i muinín an phropaganda uaireanta eile go mínáireach. Léirítear ansin pictiúr chomh fíochmhar gráiniúil ar son an impiriúlachais agus an *status quo* agus is féidir a shamhlú. Sampla de seo na drámaí 'de dhéantús baile' a bhíonn le feiscint ar an teilifís, inar gnách poblachtaigh á gcur in iúl mar phearsantachtaí úiríse gránna ar an gcuma a léirití na dreamanna a bhí faoi chois in 'ealaíon' na naitsíoch. Bíonn na bréaglériú agus an claonchuntas go smior agus go smúsach ina leithéidí sin de dhramaí nuair a chuirtear i láthair iad, mura mbeadh ní cheadófaí iad a chraoladh, cé gur minic iarracht déanta ar an ionsaí a cheilt faoi chlúid amháin nó faoi chlúid eile.

Os rud é go mbaineann ceist na Gaeilge go dlúth le ceist an chultúir sa chiall is leithne, is féidir an aigne chéanna a aithint i dtaca le cúrsaí teanga de. Sa Bhéarla ar fad a bhíonn an 'ealaíon' seo ar fad, agus is féidir an snáth céanna a leanúint trí aigne lucht na cumhachta á nochtadh ar shlite eile. Is minic a chloisimid gur sa Bhéarla atá cultúr fíorchruthaitheach na hÉireann agus gur réimse teibí éigin seanchultúir atá sa Ghaeilge.

Leagan faoi leith é seo, ní foláir, den phropaganda impiriúilach a dhéanann deighilt idir an 'nu' oiriúnach agus an 'sean' dainséarach, agus bheadh fonn ar dhuine dul ar thóir a thuilleadh samplaí comhthreomhara den rud céanna. Ar chuma gach aon sampla atá le n-aimsiú, is cruthú atá i gceist ar an bhfalsacht agus ar an mórbhréag a bhaineann le cluiche na cumhachta, agus ní haon dámh i mbosca sainiúil ar leith í an ealaíon sna cúrsaí seo ach an oiread le haon chúrsaí eile.

BÉ síorchlaochló na cumhachta, cuir i gcás, is mian le cuid mhaith 'Tadhg taobh istigh' (*in-set*) a bheith á rá go bhfuil éacht thar na bearta déanta ag polaiteoirí éagsúla don ealaíon agus don chultúr, ach conas is féidir ráitis den saghas sin a réiteach le Taoiseach agus Aire Gaeltachta ag craobhscaoileadh an Bhéarla mar theanga na hÉireann agus ag ceilt na Gaeilge ar an ócáid mhór spóirt i bParas i 1987.

Ní bhaineann an Ghaeilge le saol an lae inniu, atá á rá linn ar mhórán bealaí. Ní bhaineann sí, ach an oiread leis an tsaoirse náisiúnta ná an neamhspleáchas eacnamúil ná cearta an duine ná cead cainte ná aon ní eile a chuireann dua ar údarais. D'ainneoin geallúintí is eile, tá Gaelscoileanna fós fágtha gan airgead gan aitheantas, nuair is cosúil ná baineann aon fhadhb le freastal ar a mhalaírt do nua-scoileanna.

Agus tá an teanga náisiúnta ag dul ar gcúl i gcónaí sa chóras oideachais trí chéile, agus tá an tseirbhís teilifíse chomh gallda, chomh mór faoi bhais an chait ag an mbolscaireacht impiriúilach, is a bhí riamh, muran ag dul in olcas atá an scéal.

Cá bhfágann seo ar fad saothrú 'aitheanta' na healaíne agus na polasaithe oifigiúla atá i mbun na hoibre sin? Tá airgead á chaitheamh ar an scéim mhór ar a dtugtar Aos Dána chun a thabhairt le fios go bhuittear ag cur an healaíne ar láimh shábhála, ach níl aon toradh le sonrú ar an obair.

An bhfuil teoiriciúlacht na healaíne agus na litríochta níos forbartha anois ná mar a bhí cúig bliana ó shoin, an bhfuil breis brí agus beocht le brath? Is é fírinne an scéil, ar ndóigh, ná fuil, agus is é a chúis sin ná gur chun ná beadh a chuirtear scéimeanna den saghas sin ar bun an chéad uair. Chun na healaíontóirí a chur isteach i mboscaí sábháilte, chun raon beag cúng den saol a fhágaint fúthu, agus chun iad a dhealú



●Haughey agus Roche i bPáras, 1987

ó réaltacht an tsaol iomláin, a dhéantar sin — i bhfocail eile, chun a thuilleadh den íol-adhradh a spreagadh ar an nath úd 'an ealaíon ar son na healaíne'.

Níl amhras ná go bhfuil cúnamh le fáil ag roinnt saothróirí cumasacha tríd an scéim áirithe seo. Ach mar atá, is éilte féinbhuanaitheach atá sa scéim de réir nósanna agus iompair agus rialacha, rud a chinntíonn go gcoimeádfar an greim oifigiúil air agus a chuireann teorainn docht daingean leis an méid daoine a mbeidh seans acu gabháil leis an ealaíon agus leis an scríbhneoireacht.

Ní ar an Aos Dána amháin atá an locht seo, gan amhras, mar gur de réir éagóra den saghas céanna a fheidhmíonn na lárionaid chumhachta uile sa tír — i gcomhluchtaí galldaithe geilleagair, in institiúidí galldaithe oideachais, agus sna meáin ghalldaithe chumarsáide, gan trácht ar an státhóras féin in aon chor.

I S iontach an rud, agus cúrsaí poiblí na hÉireann mar atá le leathchéad bliain, gur beag ar fad den léirmheas sóisialta atá curtha ar fáil ag litríocht chomh-aimsireach na Gaeilge. Taispeánann an scéal sin chomh mór is a bhíothas faoi smacht ag an aigne oifigiúil.


Bhí na mór-eisceachtaí ann, gan amhras, an Cadhnach, an Súilleabhánach, an Direánach (i gcuid den fhilíocht ab fhearr dá chuid), ach níorbh ón taobh sin a leanadh a sampla siúd.

Is léir d'aoinne a dhéanann staidéar ar an gcás go bhfuil géarchéim litríochta in Éirinn le tamall agus gur géire an chéim úd sa Ghaeilge. Níl múnlaí á bhforbairt as fíorshaol an phobail agus is ar éigean atá aon mheiteastrúchúr cultúir fágtha sa teanga féin. Tá gá le spiorad, le spreagadh, agus le neamhspleáchas, le plé agus le sonrú agus le curthaitheacht ó thaobh na teanga agus ó thaobh na haestéitice araon. Ach is cosúil go bhfuil gluaiseacht na Gaeilge socair seasta ar gan aon aird a thabhairt ar an bhfadhb.


Daingnítear arís is arís eile gurúnna na cumhachta agus máistrí na meán cumarsáide i mbun na litríochta agus i mbun an smaointeachais, d'ainneoin go bhfuil teipthe orthu siúd aon fhreagraí a chur ar fáil. Nuair a áitítear gur amhlaidh atá an scéal, tugann gluaiseacht na teanga féin an chluas bhodhar ar gach argóint ar son athraithe. Is cosúil gur fearr le daoine gan dua an mhachnaimh a chur orthu féin, locht nach féidir a



• DIARMAID Ó SUILLEABHÁIN



• MAIRTÍN Ó CADHAIN



• MAIRTÍN Ó DIREÁN

mhaitheamh nuair atá an cruachas ann.

Ó thaobh fhealsúnacht na litríochta de, tháinig scoil eile mhachnaimh chun cinn lasmuigh d'Éirinn mar fhreagra díreach ar an dearcadh úd, is é sin an dara teoiric dár thagraíomar air, an rud ar a dtugtar 'réalaíochas sóisialta'. Bhí seo mar pholasaí oifigiúil ar feadh i bhfad sna tíortha cumannachta, agus

éilítear dá réir go mbeadh an litríocht ag cur síos ar gach gné den saol a chuireann an sóisialachas stáit chun cinn agus a cheanglaíonn an pobal isteach le haidhmeanna atá leagtha síos roimhré. Is furasta a thuiscint conas a thiocfadh dearcadh mar seo chun cinn, cé gurbh léir do chuid de na réabhlóidithe cumannacha ón tús cad iad na haachailí a bhí air.

An bhunmháthail ná go gceadaíonn teoiric mar seo do dhuine amháin, nó do ghrúpa amháin, deachtóireacht a dhéanamh agus an cultúr go léir a chur ar éadtreoir má bhíonn breall orthu féin. Tá seo ar aon dul go bunúsach leis an locht ar an gcéad teoiric atá pléite againn. Cé nach as an tsaint a eascraíonn dearcadh mar é, is féidir leis faoi chúinsí áirithe an oiread céanna díobhála a dhéanamh, agus níltear gan samplaí soiléire do sin i stair an 20ú céad.

Níl amhras, mar sin féin, ná gur maith ann don 'réalaíochas sóisialta', mar go gcuireann sé malairt rogha ar fáil ón dearcadh bréag-intleachtúil. Díol spéise is ea forbairt nua-litríocht na Gaeilge ón taobh seo de, mar go bhfuil an réalaíochas timpéallachta le fáil go láidir i gceann de bunobreacha na nua-litríochta sin, mar atá, an dírbheathaisnéis Ghaeltachta. Níor chuathas riamh ó leibhéal na taithí go leibhéal na hanailíse anseo, áfach, agus is ag freastal ar éileamh a bhí cheana ann a bhíothas seachas ag iarraidh réimsí forbarthacha breise a aimsiú.

O S rud é ná fuil aon tréimhse 'réalaíochais shoisialta' curtha dinn againn, is furasta dúinne ar shlí anois dul chun cinn díreach fíor-réabhlóideach a dhéanamh, agus chuige sin ní miste scagadh a dhéanamh ar an triú teoiric thuas. Is é sin, an rud a dtugamar 'aestéitic fhorásach na healaíne air, is é sin, go gciallaíonn an ealaíon aisling an tsaol sa duine.

Dearcadh é seo a thagann ó bhunús le dearcadh gach duine a ghlac seasamh riamh ar son na maitheasa — cuimhnigh ar na macallaí go léir trí stair an chine dhaonna — agus tá de bhuia leis go dtugann sé an tsaoirse phearsanta agus saoirse an phobail faoi scáth a chéile. Leis an droch-úsáid atá bainte as an teoiric 'ealaíon ar son na healaíne' is ró-fhurasta dearmad a dhéanamh ar an oiread den fhírinne atá inti — fírinne na teicnící nó, á chur i dtéarmaí dialaictice



dúinn, an ábharúlacht atá riachtanach do phróiseas na cruthaitheachta.

Cuireann lucht na teoirice sin a bhfuil de thuiscint acu ó mhaith, áfach, trí raon na teicne a shíneadh isteach i raon eile ar fad — an méid a bhaineann le toradh an tsaothair nó, i dtéarmaí dialaictice arís, an tréithiúlacht. Tá an botún seo imithe chun donais le linn ré an ollchaitheachais mar atá ann inniu. Tarcaisne don intleacht, cuir i gcás, agus feall ar an gcine daonna, is ea an córas sóisialta frithchultúrtha a bheith ag cur luach na milliún punt ar phlátaí péinteálte canbháis crochta ar fhallaí.

Níl aon bhaint ag a leithéid de pholasaí poiblí leis an ealaíon ó cheart, mar gur sa saothrú a dhéanann an t-ealaíontóir féin agus i léirstin an lucht féachana atá an ealaíon. Cuireann an cruthaitheoir, le curatan a cheirde, fuinneamh isteach i sruth na comhfhiosachta, agus baineann an lucht féachana deochanna iomadúla as an sruth sin de réir a mblas féin chun buanaithne an chultúir. Mar an gcéanna don phróiseas i gcás na litríochta.

I S léir as a bhfuil ráite go mbíonn an chruthaitheacht i gcónaí ag tástáil acmhainn an duine agus ag tástáil na samhlaíochta, agus is sa tsamhlaíocht

atá síol an dul chun cinn. Meafar coinceitheach go maith le n-úsáid i dtaca leis na scríbhneoirí féin is ea go gcreideann gach fáidh acu go dtagann an tsamhlaíocht chun fírinne i gcrot an tsaol, gur féidir an saol a athrú chun feabhais ach dóthain de chruas intinne a chur ag obair air.

Agus sinn sa riocht a bhfuilimid faoi láthair, is é is riachtanaí a aithint cad iad na híomhánna d'ár streachailt ar son na saoirse a bhfuil tairbhe agus doimhneas ag baint leo, cad iad na gnéithe d'ár mbeatha féin agus de bheatha an phobail a thugann léagras níos iomláine ná a chéile ar chinniúint an chine dhaonna. Ar deireadh thiar, is é an poblachtachas an t-aon fhórsa a fhreastalaíonn go hiomlán ar riachtanais na tíre seo, agus tá mórán le tairiscint ag traidisiún réabhlóideach na hÉireann don domhan trí chéile ó thaobh na dínite agus ó thaobh an chirt.

Agus fíorúisce é seo ar fad do mhuil-eann na glan-aestéitice. An dearcadh cothrom tomhaiste seo ar an ealaíon, ar an dul chun cinn atá mar dhlúth agus inneach inti, is é atá ag teastáil chun an scríbhneoireacht a chur faoi bhláth.

Tá na lámh in uachtar faoi láthair, ó thaobh na Gaeilge chomh maith le Béarla na hÉireann, acu siúd a dhéanfaidh an chruthaitheacht a thachtadh le bréagfhaiseantacht agus le liútail má ligtear dóibh.

Caithfear scoil smaointeachais eile a chur chun cinn ag freagairt do na dúshláin go léir a chuireann an impiriúlacht agus an mháistríúlacht faoinár mbráid.

Dlúthcuid de chultúr na saoirse is ea an chruthaitheacht, í ag feidhmiú as láimh a chéile sa duine aonair agus sa phobal. Seo é an dearcadh a bhfuil cur ina choinne ag lucht bréagnaithe na litríochta, acu siúd arb é a n-aon ghuth atá le cloisint ar an leibhéal 'oifigiúil'. Agus, dá mhéid a dhéantar neamhaird de, dá mhéid a dhéantar díspeagadh air, is ea is mó a chaithfimid an dearcadh seo a chur faoi bhláth.



Dosaen leabhar nua

FILÍOCHT

Ciarán Ó Coigligh (Eag.), **An Fhilíocht Chomhaimseartha 1975-1985**, (Coiscéim).

Greagóir Ó Duilín (Eag.), **Filíocht Uladh 1960-1985**, (Coiscéim).

Dermot Bolger (Eag.), **An Tonn Ghael/The Bright Wave**, (Raven Arts Press).

Gabriel Rosenstock, **Rún na gCaisleán**, (Taibhse).

PRÓS

Lorcán S. Ó Treasaigh, **Sracfhéachaint**, (Coiscéim).

Liam Ó Cathán, **Ceart na hUaighe**, (Clódhanna Teoranta).

Seamus-Mac Annaidh, **Mo Dhá Mhic**, (Coiscéim).

Dáithí Ó hÓgáin, **Imeall an Bhaile**, (An Clóchomhair).

TAIGHDE

Padraic Breathnach (Eag.), **Maigh Cuilinn — A Táisc is a Tuairisc**, (Cló Chomamara).

Mícheál Ó Conghaile (Eag.), **Gaeltacht Rath Cairn**, (Cló Iar-Chonnachta/Raidió na Gaeltachta).

Seán Ó Luing, **Kruger**, (Coiscéim).

Niall Ó Cearbhaill, **An Duine, Córais Pholaitiúla agus Éire**, Iml. 1, (Coiscéim).

IRELAND'S BIGGEST SELLING POLITICAL WEEKLY

AN PHOBLACHT

Republican News

Léann breis is cead míle daoine *An Phoblacht/Republican News* gach seachtain.

Ná bí gan do chóip — ceannaigh síntiús anois.

Seol AP/RN chugam ar feadh 12 mí £25 ☐

Seol AP/RN chugam ar feadh 6 mí £12.50 ☐

Ainm

Seoladh

Seol chuig, AP/RN, 58 Cearnog Pharnell, Baile Átha Cliath 1

Scéal an chine daonna

— LE SEAMUS O DUINN, Portlaoise —

BA chóir dom is dócha dhá rud a admháil ar dtús, sa chéad dul síos níl mé i mo shaineolaí i dtaobh an cheoil, agus sa dara áit ní féidir liom éisteach le cheol Uí Mhór-dha gan a bheith meallta aige.

Chomh maith le sin tá sé de nós agam anois iarracht a dhéanamh teachtaireacht éigin a aimsiú ina chuid! Ní hé sin le rá nach mbaineann mé taitneamh as a cheol féin, ach fuair mé amach go dtéann O Mordha i bhfad níos doimhne ná amhránaí ar bith eile dár linne. Ní sé sásta amhráin lán desna focail bhána a chanadh, tá níos mó ná focail bhána a chanadh, tá níos mó na focail folamha ag bhaint lena chuid.

Aon amhrán dá chuid, faigheann tú amach go n-osclaítear domhan nua leathan os do comhair. Iompraítear tú thar n-ais trí na blianta, cuirtear oideachas ort, agus gan ceo ar bith a dhéanamh agat ach cluas a chur ort féin agus ligint do ghuth bhinn draíochtúil Christy a rith tharut. Is ceoltóir ar leith é, níl leisce dá laghad air fadhbanna ár linne a ardú, is cuma leis an gan gnaoi air atáthar.


Leanann sé ag aghaidh i dtús cadh-naíochta mar is nós dó, ag cur rudaí éagsúla cosúil le'n bád bán, an t-imirce, tréigeadh na tíre, tionchar na heaglaise, an ginmhilleadh agus an colscaradh.

Níl drogall air ach an oiread dul i gcomhraic le na boic mhóra nó na polaiteoirí fimíneacha ar mhaith leo an córas a choiméad ar bhog an phobail.

Dearfainn féin agus an téip is déanaí éistithe agam ní hamháin go bhfuil sé ag cloí lena bhealach roghnaithe ach sé ag aibíú fós. Chuaiigh *Ride On* i bhfeidhm orm i slí nach beag, ach iontas na n-iontais, tá sé sin sáraithe anois ag *Unfinished Revolution*.

Tá na hamhráin go léir thar a bheith maith is féidir leat éisteach leo le do shúile dúnta agus samhlú go bhfuil tú san Afraic Theas ag fulaingt len muintir faoi chois, *Biko Drum*. Ansin tusa ag súirí arís agus de chéad shearc a mhealladh lena seamh linte caite i *Messenger Boy*.

Bhí mé an tógtha le *Natives*, cheap mé go raibh sé ar cheann de na hamh-



ráin ba láidre ar an dteip, agus ina mbealach féin ar cheann desna hamhráin ba bhrónaí. Gabhann sé le rud a dhéantar dearmad air go mion-minic (d'aon gnó uaireanta) sé sin an uair a thugtar an cluas bodhair do dhaoine faoi leathrom, is ansin a ghlacann siad bealach an fhoireigin chucu chun éisteach a fháil. Canann Christy an t-amhrán seo go cainteach. Gan dabht tá ceacht ann don te ar mhaith leis é sin a bhaint as.

Tá cursaí mná chun tosaigh san dtéip seo agus is maith an rud é. Taispeántar ar *The Other Side* réaltacht stad na mban in Éirinn an la ata inniu, Éire na seoiníní. Níl ort ach éisteach a thabhairt dó agus tuigfidh tú, mura bhfuil a fhios agat cheanna féin cé chomh dona is atá an scéal;

Anois, go dtí an t-amhrán is ansa linn. B'fheidir, *On the Bridge*. Cad is féidir liom a rá faoin amhrán seo? Dar liom sé an t-amhrán is bríomhaire

ar an téip. Tuigean muid go léir fulaingt ar ndeirfiúracha misniúla agus iad de shíor lomchuardaithe d'fhonn a sprid dochloíte a bhriseadh. Gan amhras beidh an t-amhrán seo ina chúis misnigh dár gcomrádaithe i Machaire Uí Bheirí agus Ella Ní Dhuibhir agus Mairtina Nic Aindrea i nDurham.

Tríd is tríd is téip í seo atá lán de mhothúcháin anamúil, brónach agus leochaillach. Cruthaíonn sé dar liom gur Christy Moore ar an t-amhránaí is mó tábhacht in Éirinn inniu. Fear nach ndéanann géilleadh agus a bhfuil creideamh aige sna hamhráin a chanann sé. Fear atá ina cheannrodaí fós, ag leanúint traidisiún ársa na seanfhili fíodóir na mbrionglóidí, cosantóir na fírinne, réablóidí. Fad is a bheidh a leithéid ann ní shárfar meon na saoirse i gcosmhuintir na h-Éireann go deo. B'fhiú duit é a cheannach, geobhfaidh tú amach go ndéanann sé friotal ar a bhfuil a smaoinemh agat.

Éireannaigh agus na hOilimpeacha

LE RONAN O LUING

*"ONMHAIRIMID ár rámhaithe
ár reathaithe agus ár bpionsóirí.
Is é sin saorthrádail na todhchaí"*

BÉ an Baron Pierre de Coubertin, an Francach, a dúirt an abairt úd agus b'é an Baron céanna an duine a chur na Cluichí Oilimpeacha ar bun ag deireadh na haoise seo caite.

Shíl sé tionól cluichíochta a chur ar bun le síocháin, dea-thoil agus cairdeas a mhuscailt i measc náisiún an domhain. Cinnte bhí coiste ann a rinne an-chuid obair, ach ba idéalachas, fuinneamh agus dígeanteacht de Coubertin a chuir bunsraith sheasamhach faoin idéal.

Is in 1892 a luaigh de Coubertin a smaoineamh go poiblí, ag cruinniú an Aontacht Iúthchleasaíochta agus spóirt. Ar ndóigh níor tugadh mórán airde air ach ar feadh cupla bliain ina dhiaidh sin bhailigh sé lucht tacaíochta agus mhuscail spéis a chomhleacaithe san smaoineamh.



● PAT O'CALLAGHAN



● Ronnie Delany ag buachaint, 1956

I 1894 tionóladh comhdháil idirnáisiúnta i bPáras le díospóireacht a dhéanamh ar amaitéarachas i spórt. Tugadh cuireadh don Baron agus thug sin an seans dó a idéal a chur faoi bhraid na comhdhála. Glacadh go dfocasach lena smaoineamh agus socraíodh ar an gcéad Cluiche Oilimpeacha a thionól in Athens in 1896.

Ní raibh díogras na comhdhála ró-leanúnach agus dá bharr bhí easpa eagair le braith ar na cluichí. Cé gur fiolsíodh clár na gcomórtas in Eanáir 1895 níor cuireadh aon chuirítí ar fáil go dtí Nollaig na bliana céanna. Anuas ar sin bhí an iomarca Gréagaigh i measc na n-iomaitheoraí. As 285 iomaitheoirí Gréagaigh 60% acu. Ní fios ar tugadh aon chuireadh do fhoireann ó Eirinn agus dá bharr níor fhreastal aon Éireannach ar na cluichí ar bhonn oifigiúil. Bhí afách, Éireannach amháin sa Ghréig ar saoire ag an am agus bhuaigh sé dhá bhonn ór sna comhórtais leadóige-singil agus dúbailte.

John Pius Boland a bhuaigh an dá bhonn agus rinne sé gearán le oifigh an chomhórtas nuair a ardaíodh bratach Shasana lena bhua a léiriú. Gealladh dó go mbeadh bratach Éireannach réidh don chéad chomórtas eile.

NÍ go dtí 1924 áfach a cuireadh foireann Éireannach isteach ar an Cluichí Oilimpeacha. Idir an dá linn bhuaigh Éireannaigh raidhse boinn agus iad gan iomaíocht ar son t'fórtha eile.

Bheadh bonn buaite ag Paddy Dwyer i 1924 dá mbeadh rialacha an lae inniu i bhfeidhm ag an am sa chomórtas dornálaíochta. Shroich sé an babhta leath-cheannais ach buadh air ann mar a buadh air san iomaíocht don tríú áit agus an t-aon bhonn chré-uamha. D'éirigh go maith le foireann sacar na tíre chomh maith. Shroich siad an babhta ceathrú-ceannais ach chaill said 2-1 (in am breise) i gcoinne na h-Isiltíre.

Is i 1928 a bhuaigh Éireannach an chéad bonn oifigiúil. Ba an Dr Pat O'Callaghan a bhuaigh an bonn-ceann órga-i gcaitheamh an mheachain. Bhí sé ag leanúint tradaisiún a bhí ag Éireannaigh sa chomórtas céanna.

O 1900 go Los Angeles i 1932 nuair a bhuaigh O'Callaghan a dara bhonn ór, buaigh Éireannach comórtas caitheamh an mheachain i ngach cluiche a tionóladh. Bhuaigh John Flanagan an chéad trí chomórtas 1900, 1904 agus 1908. Bhain Éireannaigh an trí bhonn amach i 1908, Matt McGrath sa dara áit agus Con Walsh sa tríú áit.

Bhí McGrath 32 bliain d'aois agus é sa chomórtas i 1908, i Londain, agus lean sé ar aghaidh ag iomaíocht go dtí 1924 i bPáras mar a bhuaigh sé bonn airgid eile. I 1912 níor éirigh le éinne dul i ngiorracht fiche troigh dó agus bhuaigh sé an bhonn ór go héasca.

B'é Paddy Ryan an caitheoir ab fearr sa domhan timpeall an ama sin. I 1913 chaith sé curiarracht domhanda a mhair go 1938. Bhuaigh sé an chomórtas i 1920 in Antwerp agus d'éirigh as an iomaíocht an bliain dár gcionn.

An bhliain a bhuaigh O'Callaghan a

saoirse

dara bhonn bhuaigh beirt Eireannaigh eile boinn. I rás Edwin Moses, an 400 meadar cliathach, bhain Bob Tisdall an bua amach agus é ag rás ar son na hEireann, bhuaigh Sam Ferris an bona airgid sa maratón, arís ag rás ar son na hEireann.

On bhliain sin ar aghaidh ba bheag Eireannach a bhuaigh sna comórtais lúthchleasaíochta. Idir 1952-1964 bhí ré glórmhór ag domálaithe na tíre. Bhuaigh siad sé bhonn — dhá cheann airgid agus ceithre chinn cré-umha.. Ba i 1956 a buadh ceithre chinn acu agus gan moltóireacht claonta is dócha go mbeadh ceann órga bainte amach ag Fred Teidt.

Ní gá ar ndóigh mórán a rá faoi bua Ronnie Delany i 1956 ach gur sampla an-mhaith de lúthchleasaí na linne seo é. Meastar poitéinseal tuillimh aon lúthchleasaí de réir mar a bhuann sé boinn sna Oilimpeacha nó sa Chraobh Domhanda. Níl mé ag rá go bhfuair Ronnie Delany íocaíocht nuair a bhí sé ag rith ach sheas an bua go maith dó agus anois tá sé maith go leor as gan dabht níorbh aon laincís air a bhua éachtach.


Níor bhuaigh aon Eireannach bonn ór a shin ag iomaíocht ar son a thíre. I gCoiré áfach bhuaigh beirt óir ag imirt haca ar son na Briotaine. Bhí duine acu, Steven Martin, ar an bhfoireann chéanna i 1984 i Los Angelus agus fuair sé bonn cré-uamha. D'imir sé ar son na hEireann 68 uair agus é mar chaptaein go rialta — ag trácht ar scitsifréine spóirt!

I ré seo na gairmiúlachta tá sé i bhfad níos deacra ag Eireannach bonn a bhaint leo. Rith John Treacy rás éachtach sa mharatón i Los Angelus ceithre bhliain ó shin agus bhuaigh sé bonn airgid taobh thiar de Carlos Lopez ar an Phortaingéal. I gCoiré áfach d'éirigh sé as an rás toisc nach raibh seans aige aon bhonn a bhuanach!

Sea is fada muid ó ré ídealach, amaitéarach gustalach de Courbertin agus ó mhana na geluichí a deir go bhfuil an iomaíocht níos tachachtaí na an buachan.

slógadh shinn féin 1987

Beidh tuaraisc agus griangrafanna de Slógadh Shinn Féin 1988 san chéad eagrán eile de *Saoirse* a bheadh ar fáil in Earrach 1989.



• JOHN
PIUS BOLAND

Trodairí na Saoirse

(Fonn nua-chumtha)

I ngach aois a's gach áit
Go raibh daoine bocht' á gcrá
Bhí fir agus mná uaisle, fiala,
A sheas an fód gach lá
Do'n cheart 's don chóir iomlán,
Sin agaibh iad trodairí na saoirse.

CURFÁ

Trodairí na saoirse,
Buíon nach seasfaidh daoirse.
Sláinte chughaibh a Throdairí na Saoirse.
I sráid nó gleanntán sléibhne
Nó dúnta, docht, i ngéibheann,
Sláinte chugaibh a throdairí na saoirse

B'é Eoin Rua, an fear
A throid le stuaim 's neart,
Bhí Tone agus Emmet 's an Píarsach,
Agus gach aon fhear 's bean
A chuir díbirt ar na Tans,
Sin agaibh iad trodairí na saoirse.

Curfá

'S anois isé mo rún
Trácht ar laochra an lae inniu
Ar Sands a's a chompánaigh dílse
A thug a mbeatha uatha
I mbás a bhí go crua,
Sin agaibh iad trodairí na saoirse.

Curfá

Agus seo anois na beo
A leanann iad sa ghleo
Sa sean-troid ar son na sean-tíre.
Pé chrua atá sé dóibh,
Seasfaimidne leo,
Sin agaibh iad trodairí na saoirse.



Canfaidh an fhuiseog



CURFÁ

Canfaidh an fhuiseog sa spéir a chroí,
Canfaidh an fhuiseog go h-ard a chroí,
Canfaidh an fhuiseog don saoirse a chroí
Agus canfaidh nuair a thiocfaidh ár lá, a chroí;

Gach aon uair a chloisim an fhuiseog ag ceol,
Cuimhnímse ar dheichniúir a fuair bás go h-óg;
Cuimhním ar laochra ag seasamh an fhóid,
Ach canann an fhuiseog don saoirse.

Ar chloisint a cheoil dom sa ghorm go h-ard
Cuimhnímse ar ochtar laoch ag Loch gCál,
Gan trua gan taise marafodh iad gan gá
Ach canann an fhuiseog don saoirse.

Tá'n fhuiseogín ag eitilt go h-ard is go mear;
Tá Gaeil ina slóite faoi ghlas thar lear,
A thuille in Eirinn ag deanamh a seal,
Ach canann an fhuiseog don saoirse.

Tá na bodaigh go h-uaihreach 'san críocha ó thraidh;
A's Red Devils ó dheas a tharraingt gartha na slua.
Nára fada go dtiocra
Tá na bodaigh go h-uaihreach 'san críocha ó thu

Tá na bodaigh go h-uaihreach 'san críocha ó thuaidh;
A's Red Devils ó dheas a tharraingt gartha na slua.
Nára fada go dtiocraidh chugainn lá geal an bhua,
Ach canann an fhuiseog don saoirse.

An státaire

LED' chaint bhuinní
Is buíochas an tSasanaigh
Déanfar Státaire anois díot

Díotsa
Nár chosc crústáil cimi

Díotsa
A thug an t-Óglach
Ar láimh don namhaid

Díotsa
A chinnibh gobán
Ar an mbéal a labharfadh
Chun ná craolfaí
ach do chlaonfhocail
Is bréaga seasc do pháirtithe

Tráth féachadh
Le crann céasta an phobail seo
A chur ó éifeacht
Dheinis éacht
Don Sasanach

Mar a bhí atá
Is treise go fóill bhur neart

Caithir feisteas Gaeil
A Iúdaís:
Is róbheannaithe tú
Ó chuiris gléas
Ar do luan naoimh
I measc chleas
An tsíoréithigh

Ná bródh eagla ort

A Státaire
Beidh cuimhne ag an muintir ort
Nuair a ghealfaidh ré na saoirse –
Tá d'ainm breactha cheana acu
I leabhar na staire

Le dúch na déistine

— LE EOGHAN Ó CATHASAIGH



Suantraí

Bhí na saighdiúirí thart ar an teach seo 'gainn,
Thug thusa cluas anghéar do cheol na buíon,
Lá beidh fear mór ionat lá duine grinn,
Beidh an tuiscint agatsa trathnóna aoibhinn,
's í m'aisling.

Bhródh an blaincéad sin go minic fúinn,
Fiú saighdiúirí thart is ag lorg a chinn,
Ar chladach an loch nó i bpáirc éigin,
Agus comhrá cumhra 'nsin eadrainn,
's í m'aisling.

Curfá
Beidh fáilte romhat ag na héin maidin,
gan drum ar an eite chlé gan píopa binn,
Beidh na saighdiúirí thart ní bhuaifidh siad linn,
I do luí ar an leaba gan lorg do chinn,
's í m'aisling.

Níl fágtha inniú ach an bheirt againn,
O fuair d'athair bás i gcath éigin,
Tiocfaidh lá na saoirse in Éirinn,
Beidh na saighdiúirí thart is fad' uainn,
's í m'aisling.

— LE SÉAMAS Ó COILEÁIN





SAOIRSE

Is í SAOIRSE iris pholaitiúil Shinn Féin.
 I measc an iliomad ábhair lena bpléann sé tá gné-ait, cartúin, cúrsaí eachtracha, stair, litríocht agus cúrsaí reatha. 80p a luach.
 Is féidir sntiús bliana a ordú, luach £4.00, ó: An t-Eagarthóir, SAOIRSE, 147 Bóthar Bhaile Andersan, Béal Feirste 11.

NUACHT NUACHT NUACHT NUACHT

Lauch i gCn

NUACHT IRL. 4 UIMHIR 23

Lauch 100p

Tá fíneola na Breataine faoi bhrú níos mó na bainteacha na n-ádh de bainteacha na Breataine. Tá bainteacha na Breataine faoi bhrú níos mó na bainteacha na Breataine. Tá bainteacha na Breataine faoi bhrú níos mó na bainteacha na Breataine.

FILEANN NA SCUID CIREI AR NA H-BLOCAN

NUACHT IRL. 4 UIMHIR 24

Lauch 100p

Tá fíneola na Breataine faoi bhrú níos mó na bainteacha na n-ádh de bainteacha na Breataine. Tá bainteacha na Breataine faoi bhrú níos mó na bainteacha na Breataine. Tá bainteacha na Breataine faoi bhrú níos mó na bainteacha na Breataine.

AN FHÍRINNE Á NOCHTADH

NUACHT IRL. 4 UIMHIR 25

Lauch 100p

Tá fíneola na Breataine faoi bhrú níos mó na bainteacha na n-ádh de bainteacha na Breataine. Tá bainteacha na Breataine faoi bhrú níos mó na bainteacha na Breataine. Tá bainteacha na Breataine faoi bhrú níos mó na bainteacha na Breataine.

NÍ BINN BÉAL INA THOST

NUACHT IRL. 4 UIMHIR 26

Lauch 100p

Tá fíneola na Breataine faoi bhrú níos mó na bainteacha na n-ádh de bainteacha na Breataine. Tá bainteacha na Breataine faoi bhrú níos mó na bainteacha na Breataine. Tá bainteacha na Breataine faoi bhrú níos mó na bainteacha na Breataine.

Fáilte romhaibh a Ghlaic

AG DEIRIADH NA SEARTE

AG DEIRIADH NA SEARTE

AG DEIRIADH NA SEARTE

FILEANN NA SCUID CIREI AR NA H-BLOCAN

AG DEIRIADH NA SEARTE

AG DEIRIADH NA SEARTE

AG DEIRIADH NA SEARTE

AN FHÍRINNE Á NOCHTADH

AG DEIRIADH NA SEARTE

AG DEIRIADH NA SEARTE

AG DEIRIADH NA SEARTE

NÍ BINN BÉAL INA THOST

AG DEIRIADH NA SEARTE

AG DEIRIADH NA SEARTE

AG DEIRIADH NA SEARTE

SINTIÚS AR FÁIL

Níl ach trí nuachtán Gaeilge sa trí anois Nuacht, LA agus Anois. Bí cinnte go bhfuil tú ag fáil do chóip gach seachtain.

£6.00 atá ar shintiús shé mí. Scríobh chuig An tEagarthóir, 147 Bóthar Bhaile Andersan, Béal Feirste 11. Fon: 301719.